Treoirlínte
maidir le Toghcháin
Pharlaimint na hEorpa
2004

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
faoi Alt 4, mar atá leasaithe, den Acht Toghcháin, 1997.

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Teil: (01) 639 5666
Facs: (01) 639 5684
Ríomhphost: sipo@ombudsman.gov.ie
Láithreán gréasáin: www.sipo.ie

Ainmneacha agus uimhreacha teagmhála i Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
le haghaidh fiosruithe práinne lasmuigh d'uaireanta oifige

Paddy Walsh - (087) 9794748

Clár Ábhair

Réamhrá 1

Caibidil 1 - Iarrthóirí

A. Ceapadh gníomhaire toghcháin. 5
B. Sannadh coda de theorainn caiteachais reachtúil iarrthóra dá p(h)áirtí polaitíochta (má táthar ag dul san iomaíocht sa toghchán mar iarrthóir páirtí). 7
C. Taifead a choinneáil ar shíntiúis arna bhfáil i ndáil leis an toghchán. 8
D. Cad is síntiús? 8
E. Cad nach síntiús? 10
F. Cuntas síntiús polaitiúil a oscailt agus a chothabháil i gcás go n-éilítear sin. 12
G. Feasacht ar shíntiúis thoirmiscthe, agus conas déileáil leo. 12
H. Feasacht ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ag tabhú caiteachais, gan údarú cuí, chun iarrthóir a chur chun tosaigh nó chun cur i gcoinne iarrthóra i dtoghchán na hEorpa. 14
I. An doiciméadú reachtúil riachtanach a chur ar fáil i ndiaidh an toghcháin. 17
J. Aisíoc costas toghcháin a éileamh i gcás gur incháilithe déanamh amhlaidh. 19
K. Cionta agus pionóis infheidhme le hiarrthóirí i dtoghchán na hEorpa. 20

Caibidil 2 - Gníomhairí Toghcháin Iarrthóirí

A. Ceapadh mar ghníomhaire toghcháin. 23
B. Príomhfheidhmeanna gníomhaire toghcháin. 24
C. Teorainneacha caiteachais do thoghchán na hEorpa. 26
D. Sannadh coda de theorainn caiteachais reachtúil iarrthóra dá p(h)áirtí polaitíochta (má táthar ag dul san iomaíocht sa toghchán mar iarrthóir páirtí). 27
E. "An Tréimhse Toghcháin" - Dátaí a bhfuil feidhm ag an teorainn caiteachais eatarthu. 28
F. Feasacht ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ag tabhú costais toghcháin thar ceann iarrthóra gan a bheith údaraithe déanamh amhlaidh. 29
G. Cad is costais toghcháin? 32
H. Cad nach costais toghcháin? 34
I. Íoc sonrasc le soláthraithe. 38
J. Ráiteas Costas Toghcháin a chur ar fáil i ndiaidh an toghcháin. 38
K. Iarmhairtí róchaiteachais ag gníomhaire toghcháin. 40
L. Cionta agus pionóis infheidhme le gníomhairí toghcháin i dtoghchán Pharlaimint na hEorpa. 40

Caibidil 3 - Gníomhairí Náisiúnta

A. Ceapadh gníomhaire náisiúnta. 43
B. Sannadh ag iarrthóirí do pháirtí polaitíochta. 44
C. Caiteachas ag an ngníomhaire náisiúnta. 45

D. Feasacht ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ag tabhú caiteachais thar ceann páirtí polaitíochta gan a bheith údaraithe déanamh amhlaidh. 47
E. "An Tréimhse Toghcháin" - Dátaí a bhfuil feidhm ag an teorainn caiteachais eatarthu. 50
F. Cad is costais toghcháin? 50
G. Cad nach costais toghcháin? 50
H. Íoc sonrasc le soláthraithe. 51
I. Ráiteas Costas Toghcháin a chur ar fáil i ndiaidh an toghcháin. 51
J. Iarmhairtí róchaiteachais ag an ngníomhaire náisiúnta. 53
K. Cionta agus pionóis infheidhme le gníomhairí náisiúnta i dtoghchán na hEorpa. 53

Caibidil 4 - Tríú Páirtithe, Pearsana Eile agus Foilsitheoirí

A. Cad is "Tríú Páirtí" agus "Pearsana Eile"? 56
B. Ceanglais Tríú Páirtí maidir le fáil síntiús. 57
C. Ceanglais Tríú Páirtí agus Phearsan Eile maidir le costais toghcháin a thabhú. 61
D. Cad is costais toghcháin Eorpach? 62
E. Caiteachas arna thabhú i ndáil le reifreann 62
F. Íoc sonrasc le soláthraithe. 63
G. Ráitis Chostas Toghcháin. 63
H. Ceanglais le haghaidh foilsitheoirí faoi alt 31(10) den Acht Toghcháin, 1997. 64
I. Cionta agus pionóis infheidhme le tríú páirtithe maidir le fáil síntiús. 65
J. Cionta agus pionóis infheidhme le tríú páirtithe agus pearsana eile maidir le costais toghcháin a thabhú. 66
K. Cionta agus pionóis infheidhme le foilsitheoirí maidir le fógráin nó fógraí neamhúdaraithe a fhoilsiú. 67

Aguisín 1
Sainithe 68

Aguisín 2
Ócáidí tiomsaithe airgid 72

Aguisín 3
Ítimí ar tugadh cuntas ina leith mar chostais toghcháin in Olltoghchán na Dála, 2002 76

Aguisín 4
Ítimí nach costais toghcháin agus a áiríodh i Ráitis Chostas Toghcháin in Olltoghchán na Dála, 2002 78

Aguisín 5
Foirm Ráitis Costas Toghcháin Shamplach 81

Réamhrá

1. Tá na treoirlínte seo, maidir le toghchán Pharlaimint na hEorpa (toghchán na hEorpa) ar an 11 Meitheamh 2004, arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (An Coimisiún um Chaighdeáin) faoi alt 4, mar atá leasaithe, den Acht Toghcháin, 1997. Is iad na hachtanna bainteacha eile den Oireachtas ná na hAchtanna Toghcháin (Leasú), 1998, 2001 agus 2002.

2. Clúdaíonn na treoirlínte príomhcheanglais na reachtaíochta thuas maidir le:

   - nochtadh síntiús polaitiúil;
   - teorainneacha ar luach síntiús ar féidir glacadh leo;
   - síntiúis thoirmiscthe;
   - teorainneacha ar chaiteachas toghcháin;
   - aisíoc le hiarrthóirí cáilithe de suas le €38,092.14 dá gcostais toghcháin.

3. Bunaíodh an Coimisiún um Chaighdeáin i mí na Nollag 2001 ag an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001. [Tháinig sé in áit an Choimisiúin um Oifigí Poiblí a bunaíodh i mí na Samhna ag an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.] Is iad comhaltaí an Choimisiúin um Chaighdeáin:

   An Breitheamh Onórach M. P. Smith Uasal, Breitheamh den Ard-Chúirt, Cathaoirleach an Choimisiúin um Chaighdeáin,
   An tUasal John Purcell, Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste,
   Ms. Emily O'Reilly, Ombudsman,
   An tUasal Kieran Coughlan, Cléireach Dháil Éireann,

Ms. Deirdre Lane, Cléireach Sheanad Éireann, agus
An tUasal Liam Kavanagh, iar-Theachta Dála.

Tá Rúnaíocht bhuan ag an gCoimisiún um Chaighdeáin atá suite i 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

4. Faoin reachtaíocht, tá trí phríomhearnáil pearsan ann a bhfuil dualgas agus oibleagáidí orthu i dtoghchán na hEorpa. Is iad sin:

- iarrthóirí
- gníomhairí toghcháin iarrthóirí
- gníomhairí náisiúnta páirtithe polaitíochta.

Faoin reachtaíocht freisin forchuirtear oibleagáidí ar fhoilsitheoirí nuachtán agus irisí, srl., "tríú páirtithe" a fhaigheann síntiúis pholaitíochta agus "pearsana eile" a thabhaíonn caiteachas chun páirtí polaitíochta nó iarrthóir a chur chun tosaigh nó cur i gcoinne páirtí polaitíochta nó iarrthóra i dtoghchán na hEorpa.

5. Tá an reachtaíocht réasúnta teicniúil agus casta. Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeáin treoirlínte a fhoilsiú agus comhairle a thabhairt maidir leis an gcaoi a n-oibríonn sí i ngníomh. Faoin reachtaíocht ní mór do dhuine gníomhú de réir treoirlínte nó comhairle a fhoilsíonn nó a thugann an Coimisiún um Chaighdeáin mura mbeidís ag sárú forála eile den reachtaíocht, dá ndéanfaidís amhlaidh. Tugtar comhairle i scríbhinn, lena n-áirítear post leictreonach, nó trí fhreagairt d'fhiosruithe teileafóin. San fheidhm comhairle áirítear foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ag glacadh páirte i seisiúin eolais ar fud na tíre ar a bhfreastalaíonn iarrthóirí, gníomhairí agus pearsana eile atá páirteach i dtoghchán na hEorpa ar nós stiúrthóirí toghchán, gníomhaithe páirtithe áitiúla, srl.

6. Má tá duine in amhras faoi aon ghné den reachtaíocht, is ceart dó nó di teagmháil a dhéanamh le ball foirne de Rúnaíocht an Choimisiúin um

Chaighdeáin. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin gur ceart comhairle a lorg láithreach má thagann gnó chun solais a bhfuil éiginnteacht faoi. Trí dhéanamh amhlaidh, is lú an dóchúlacht go gcothóidh an tsaincheist deacracht ag tráth níos faide anonn. Beidh foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ar fáil roimh toghchán na hEorpa, lena linn agus ina dhiaidh chun cabhrú chun aon deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun solais a réiteach.

7. Is féidir teagmháil a dhéanamh le foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ar na huimhreacha teileafóin liostaithe ar an taobh istigh de leathanach an chlúdaigh. Tá a n-uimhreacha fóin póca áirithe freisin chun gur féidir teagmháil a dhéanamh leo lasmuigh de ghnáthuaireanta oifige chun aon fhiosruithe práinneacha a fhreagairt. Tarraing caol ar an úsáid a bhaintear as an tsaoráid lasmuigh d'uaireanta oifige seo, le do thoil.

8. Déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin monatóireacht ar chaiteachas toghcháin ar roinnt bealaí difriúla. Folóidh sé sin cuairteanna a thabhairt ar thoghlaigh, áitreabh feachtais a scrúdú, samplaí d'ábhar toghchánaíochta a bhailiú, sonraí faoi fhógráin i nuachtáin agus i dtréimhseacháin a thaifeadadh, srl.

9. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin gur ceart go ndéanfadh gach duine ar a bhfuil dualgais agus oibleagáidí faoin reachtaíocht, nó atá páirteach ar shlí eile i dtoghchán na hEorpa, gach cuid de na treoirlínte a léamh. Tá na treoirlínte scríofa sna téarmaí is soiléire is féidir chun cabhrú lena dtuiscint.

10. Is cion coiriúil é gan forálacha áirithe den reachtaíocht a chomhlíonadh. Is féidir pionós d'fhíneáil suas le €25,394.76 agus/nó príosúnú suas le 3 bliana a fhorchur i gcás an chiona is tromchúisí (ráiteas míthreorach

caiteachais nó síntiús iarthoghcháin a chur ar fáil d'aon turas).

11. Léiríonn na treoirlínte an staid dhlíthiúil mar atá i bhfeidhm ag tráth a gclóite, .i. Márta 2004.

12. Tá leagan Béarla de na treoirlínte seo ar fáil.

Caibidil 1

Iarrthóirí

Iarrthóirí

Is iad na príomhcheisteanna ar ceart go mbeadh iarrthóirí i dtoghchán na hEorpa ar an eolas fúthu d'fhonn comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta a chinntiú ná:

(A) Ceapadh gníomhaire toghcháin

(B) Sannadh coda de theorainn caiteachais reachtúil iarrthóra dá p(h)áirtí polaitíochta (má táthar ag dul san iomaíocht i dtoghchán na hEorpa mar iarrthóir páirtí)

(C) Taifead a choinneáil ar shíntiúis arna bhfáil i ndáil le toghchán na hEorpa

(D) Cad is síntiús?

(E) Cad nach síntiús?

(F) Cuntas síntiús polaitiúil a oscailt agus a chothabháil i gcás go n-éilítear sin

(G) Feasacht ar shíntiúis thoirmiscthe, agus conas déileáil leo

(H) Feasacht ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ag tabhú caiteachais, gan údarú cuí, chun iarrthóir a chur chun tosaigh nó chun dul i gcoinne iarrthóra i dtoghchán na hEorpa

(I) An doiciméadú reachtúil riachtanach a chur ar fáil i ndiaidh toghcháin na hEorpa

(J) Aisíoc costas toghcháin a éileamh i gcás gur incháilithe déanamh amhlaidh

(K) Cionta agus pionóis infheidhme le hiarrthóirí i dtoghcháin na hEorpa

A. Ceapadh gníomhaire toghcháin

1.1 Ní mór do gach iarrthóir gníomhaire toghcháin a cheapadh. Go hidéalach, is ceart an ceapachán seo a dhéanamh sula ndéantar aon chostais toghcháin a thabhú. Má thabhaítear costais toghcháin sula gceaptar an gníomhaire toghcháin, ní mór don iarrthóir sonraí faoi na costais sin a thabhairt don ghníomhaire toghcháin.

1.2 Ní mór don iarrthóir ainm an ghníomhaire toghcháin agus seoladh oifig an ghníomhaire a chur in iúl, i scríbhinn, don Cheann Comhairimh don toghlach. Ní mór é sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná an lá deireanach ar a nglactar le hainmniúcháin i dtoghchán na hEorpa. Cuirfidh an Ceann Comhairimh ainmneacha agus seoltaí na ngníomhairí toghcháin ceaptha in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin. Tá sé an-tábhachtach go gcinntíonn iarrthóirí gurb é an duine a chuirtear in iúl don Cheann Comhairimh an duine atá beartaithe a bheith mar ghníomhaire toghcháin acu. Ní ghlacfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin le Ráiteas Costas Toghcháin ach ón duine a chuirtear in iúl dó ag an gCeann Comhairimh mar ghníomhaire toghcháin an iarrthóra.

1.3 Is ceart go ndéanfadh iarrthóirí breithniú tomhaiste ar cheapadh gníomhaire toghcháin. Is ceart go mbeadh an gníomhaire compordach le hairgead a láimhsiú agus cuntais a choimeád. Ní mór dó/di taifid chuí a chothabháil ar gach idirbheart a bhaineann le caiteachas ar fheachtas toghcháin na hEorpa an iarrthóra agus admhálacha, sonraisc nó

dearbháin a choinneáil chun gur féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin iad a scrúdú, agus a chur ar taispeáint phoiblí.

1.4 Féadfaidh iarrthóir gníomhú mar ghníomhaire toghcháin dó/di féin. Mura gcuirfidh iarrthóir ceapachán gníomhaire toghcháin in iúl don Cheann Comhairimh laistigh den tréimhse shonraithe, measfar go bhfuil sé/sí féin ag gníomhú mar ghníomhaire toghcháin dó/di féin. Ceanglófar freisin ar iarrthóir a ghníomhaíonn mar ghníomhaire toghcháin dó/di féin forálacha na reachtaíochta a chomhlíonadh a bhfuil feidhm acu le gníomhairí toghcháin (féach Caibidil 2).

1.5 Féadfaidh an duine céanna gníomhú mar ghníomhaire toghcháin do níos mó ná iarrthóir amháin. In imthosca dá leithéidí bíonn an gníomhaire toghcháin freagrach as gach iarrthóir ina nduine agus ina nduine. Ní mór cúram mór a dhéanamh chun a chinntiú go gcoinnítear taifid agus cuntais ar leith i gcás gach iarrthóra agus gur féidir costais a chionroinnt idir na hiarrthóirí éagsúla i gcás gur gá sin.

1.6 Taobh amuigh de ghníomhaire náisiúnta pháirtí polaitíochta an iarrthóra, is é gníomhaire toghcháin an iarrthóra an t-aon duine atá in ann costais a thabhú nó íocaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le feachtas toghchánaíochta an iarrthóra. Féadfaidh an gníomhaire toghcháin daoine eile, lena n-áirítear an t-iarrthóir, a údarú chun costais a thabhú nó íocaíochtaí a dhéanamh a bhaineann le feachtas an iarrthóra. Tá duine a údaraítear ar an gcaoi sin i dteideal costais a thabhú agus íocaíochtaí a dhéanamh laistigh de shainteorainn airgeadais arna leagan síos ag an ngníomhaire toghcháin. Ní mór don ghníomhaire toghcháin cuntas a thabhairt ar na costais nó na híocaíochtaí sin ansin.

1.7 Féadfaidh iarrthóir ceapachán gníomhaire toghcháin (lena n-áirítear a c(h)eapadh féin mar ghníomhaire toghcháin) a chúlghairm ag aon tráth. I gcás go bhfuil ceapachán gníomhaire toghcháin cúlghairthe, ní mór don iarrthóir an Ceann Comhairimh a chur ar an eolas i scríbhinn faoi ainm agus sheoladh an ghníomhaire toghcháin nua (lena n-áirítear sonraí an

iarrthóra féin má tá sé beartaithe aige/aici gníomhú mar ghníomhaire toghcháin dó/di féin).

B. Sannadh coda de theorainn caiteachais reachtúil iarrthóra dá p(h)áirtí polaitíochta (má táthar ag dul san iomaíocht i dtoghchán na hEorpa mar iarrthóir páirtí)

1.8 Má tá iarrthóir ag dul san iomaíocht i dtoghchán na hEorpa thar ceann páirtí polaitíochta ní mór dó/di méid theorainn caiteachais an iarrthóra atá á shannadh aige/aici don pháirtí a chomhaontú, i scríbhinn, leis an bpáirtí. Níl ceangal dlíthiúil ar an iarrthóir aon sannadh a dhéanamh don pháirtí. Má dhéanann iarrthóir sannadh don pháirtí, áfach, laghdaítear teorainn caiteachais ghníomhaire toghcháin an iarrthóra féin leis an méid sin. Féadfaidh gníomhaire náisiúnta pháirtí polaitíochta an iarrthóra costais a thabhú nó íocaíochtaí a dhéanamh, as an méid atá sannta ag an iarrthóir don pháirtí, thar ceann an iarrthóra nó thar ceann fheachtas náisiúnta an pháirtí. Ní féidir in aon imthosca gur mó an caiteachas iomlán ar iarrthóir ná an teorainn caiteachais reachtúil don iarrthóir sin. Tá cur síos níos mine ar ról an ghníomhaire náisiúnta i gCaibidil 3.

Sampla: Teorainn caiteachais reachtúil d'iarrthóir =
€230,000
Méid sannta ag an iarrthóir don pháirtí =
€ 50,000
Méid is féidir leis an ngníomhaire toghcháin a chaitheamh =
€180,000

1.9 Ní shonraítear sa reachtaíocht cathain is ceart an sannadh comhaontaithe idir an t-iarrthóir agus an páirtí polaitíochta a dhéanamh. Ar an dul céanna, ní choisceann an reachtaíocht athchaibidlíocht a dhéanamh ar an sannadh comhaontaithe. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin go láidir, áfach, gur ceart go ndéanfaí an sannadh comhaontaithe a thabhairt

chun críche sula ndéantar aon chostais a thabhú ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra nó ag gníomhaire náisiúnta an pháirtí.

1.10 Ceanglaítear faoin reachtaíocht nach mór an méid arna shannadh do pháirtí polaitíochta a chomhaontú **i scríbhinn** idir an t-iarrthóir agus an páirtí. Is ceart, mar sin, go luafaí go soiléir sa chomhaontú scríofa an méid arna shannadh don pháirtí agus is ceart go mbeadh sé sínithe ag an iarrthóir agus ag an oifigeach páirtí cuí. I gcás go ndéantar athchaibidlíocht ar shanntaí, ní mór comhaontú scríofa nua a dhéanamh. Is ceart cóip den chomhaontú scríofa a thabhairt do ghníomhaire toghcháin an iarrthóra. Ní mór don ghníomhaire toghcháin cóip den chomhaontú scríofa a chur ar fáil lena Ráiteas Costas Toghcháin.

C. Taifead a choinneáil ar shíntiúis arna bhfáil i ndáil le toghchán na hEorpa

1.11 Is é an t-iarrthóir nach mór ceanglais na reachtaíochta a chomhlíonadh maidir le nochtadh síntiús. Tá sé tábhachtach, mar sin, go gcoinníonn iarrthóirí taifead ar shíntiúis arna bhfáil i ndáil le toghchán na hEorpa chun críocha Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin i ndiaidh toghcháin na hEorpa.

D. Cad is síntiús?

1.12 Sainítear sa reachtaíocht go gciallaíonn síntiús aon ranníocaíocht a dhéantar chun críocha polaitíochta ag duine, cibé acu an comhalta de pháirtí polaitíochta an duine nó nach ea.

Tá roinnt focal tábhachtach sa sainiú ar shíntiús a thugtar thuas.

(a) Síntiús.

Folaíonn sé sin:

(i) síntiús airgid;

(ii) síntiús maoine nó earraí;

(iii) úsáid maoine nó earraí saor in aisce;

(iv) soláthar seirbhísí saor in aisce;

(v) an difríocht idir an praghas tráchtála agus an praghas (is ísle) a ghearrtar le haghaidh maoine, earraí nó seirbhísí;

(vi) síntiús arna fháil bealach ranníocaíochta déanta leis an nglanbhrabús ó ócáid tiomsaithe airgid arna eagrú ar mhaithe le hiarrthóir. (Tugtar míniú níos mine air seo in Aguisín 2.)

(b) Críocha polaitíochta.

Ní mór an ranníocaíocht a dhéanamh chun críocha polaitíochta. Tugtar an sainiú ar chríocha polaitíochta in Aguisín 1. Ní síntiúis chun críocha polaitíochta iad féiríní ó dhaoine den teaghlach nó ó chairde, a thugtar ar chúiseanna pearsanta amháin.

(c) Duine.

Folaíonn sé seo:

(i) pearsa aonair;

(ii) comhlacht corpraithe (agus aon fhochuideachta de sin), e.g. cuideachta phoiblí nó phríobháideach;

(iii) comhlacht neamhchorpraithe daoine, e.g. páirtí polaitíochta, comhpháirtíocht, cumann áitritheoirí, grúpa stocaireachta.

1.13 Ní gá ach síntiúis le luach, nó luach comhiomlán ón duine céanna, de níos mó ná

€634.87 a nochtadh. Má thugann an duine céanna níos mó ná síntiús

amháin d'iarrthóir i ndáil leis an toghchán, ní mór luachanna na síntiús a chomhiomlánú agus déileáil leo mar shíntiús aonair chun críocha nochta.

1.14 Má thugann níos mó ná duine amháin den teaghlach céanna, nó de ghrúpa eile, síntiúis don iarrthóir céanna, lena n-áirítear cásanna ina dtugtar síntiúis airgid ó chomhchuntas in institiúid airgeadais, caithfidh sé a bheith soiléir gur síntiúis ar leithligh ó chéile iad ó gach duine de na pearsana aonair iomchuí. Mura bhfuil, ní mór luachanna na síntiús a chomhiomlánú agus déileáil leo mar shíntiús aonair chun críocha nochta agus chun cloí leis an teorainn uasta a bhfuil feidhm léi maidir le glacadh le síntiúis (féach paragraif 1.24 go 1.27 i ndáil le síntiúis thoirmiscthe). Ní mór don iarrthóir cibé fiosruithe is gá a dhéanamh d' fhonn a bheith sásta leis an staid maidir leis sin.

1.15 Folaíonn síntiús d'iarrthóir an méid seo a leanas freisin:

(i) costais arna dtabhú nó íocaíochtaí arna ndéanamh thar ceann an iarrthóra ag gníomhaire/í toghcháin chomhiarrthóirí an iarrthóra. [Maidir leis seo féach paragraf 2.10 ar thraschanbhasáil];

(ii) airgead arna thabhairt don iarrthóir ag a p(h)áirtí polaitíochta.

1.16 Meastar síntiús a thugann iarrthóir do pháirtí mar shíntiús arna dhéanamh leis an bpáirtí agus ní leis an iarrthóir má eisíonn an páirtí admháil scríofa chuig an iarrthóir.

1.17 Meastar síntiús a dhéantar le hiarrthóir trí idirghabhálaí mar shíntiús arna dhéanamh leis an iarrthóir.

E. Cad nach síntiús?

1.18 I measc na n-ítimí nach meastar mar shíntiúis le hiarrthóir áirítear:

(i) seirbhís saorphoist arna soláthar ag An Post do iarrthóirí faoi riail 22 den Dara Sceidil do Acht Toghcháin Pharlaimint na hEorpa, 1997;

(ii) aon íocaíocht, seirbhís nó saoráid arna soláthar don iarrthóir as cistí poiblí nó airgead arna sholáthar ag institiúid den Chomhphobal Eorpach nó aon eagraíocht idir-rialtasach eile a bhfuil páirt ag an Stát inti, de bhun na reachtaíochta sonraithe, de bhua an t-iarrthóir a bheith ina:

ionadaí i bParlaimint na hEorpa;
comhalta den Dáil nó den Seanad;
sealbhóir oifige nó poist cháilithe;
sealbhóir oifige tofa nó oifige poiblí eile; nó
comhalta, toscaire nó ionadaí de chomhlacht arna bhunú ag comhaontú nó ag socrú nó faoi chomhaontú nó faoi shocrú a bhfuil an Stát páirteach ann;

(iii) seirbhís shaor in aisce arna soláthar ag pearsa aonair, lena n-áirítear úsáid a bhaint as mótarfheithicil, teileafón príobháideach, srl., de chuid na pearsan aonair, i gcás nach bhfuil an tseirbhís atá á soláthar mar chuid d'obair nó gnó na pearsan aonair;

(iv) seirbhís arna soláthar i dtoghchán ag fostaí de chuid páirtí polaitíochta, lena n-áirítear úsáid a bhaint as mótarfheithicil de chuid na pearsan aonair, i gcás go n-íoctar luach saothair an fhostaí as acmhainní an pháirtí nó as cistí poiblí agus i gcás nach bhfuil an fostaí ag fáil aon chúitimh nó sochar comhchineáil seachas a g(h)náthluach saothair (lena n-áirítear forchúiteamh costas) don tseirbhís sin;

(v) gnáthchlúdach na meán agus tarchur craolacháin ar raidió nó teilifís thar ceann an iarrthóra; [Ní chlúdaíonn sé seo costais táirgeachta, nó eile, a ghabhann le craolachán dá leithéid.]

(vi) costais arna dtabhú nó íocaíochtaí arna ndéanamh ag páirtí polaitíochta thar ceann an iarrthóra;

(vii) seirbhísí cuntasóra, nó duine eile, a fhostaítear chun na sainchríche go gcomhlíontar ceanglais na reachtaíochta;

(viii) seirbhísí oifigeach pearsanaíochta ar lá na vótála.

F. Cuntas síntiús polaitiúil a oscailt agus a chothabháil i gcás go n-éilítear sin

1.19 Má fhaigheann iarrthóir, in aon bhliain féilire ar leith, síntiús airgid chun críocha polaitíochta, ar mó a luach ná €126.97, ní mór dó/di cuntas a oscailt agus a chothabháil in institiúid airgeadais sa Stát. Ní mór don iarrthóir an síntiús sin agus aon síntiúis airgid dá leithéid, cibé luach atá orthu, a fhaigheann sé/sí a thaisceadh sa chuntas sin. Is ceart go mbeadh an cuntas ar leithligh ó aon chuntas pearsanta eile atá ag an iarrthóir. [Ní mheastar comhar creidmheasa ina "institiúid airgeadais" chun críocha na reachtaíochta.]

1.20 Má tá cuntas síntiús polaitiúil á oibriú ag iarrthóir cheana féin ní gá cuntas ar leithligh a oscailt díreach ar mhaithe le toghchán na hEorpa. Ní mór, áfach, gach síntiús airgid, cibé luach atá orthu, a fhaightear i ndáil le toghchán na hEorpa a thaisceadh sa chuntas.

G. Feasacht ar shíntiúis thoirmiscthe, agus conas déileáil leo

Síntiúis gan ainm

1.21 Tá sé toirmiscthe glacadh le síntiús gan anam ar mó a luach ná €126.97. Is síntiús gan ainm é síntiús mura bhfuil ainm agus seoladh an tsíntiúsóra ar eolas ag an iarrthóir. Má fhaigheann iarrthóir síntiús gan ainm, ní mór don iarrthóir an Coimisiún um Chaighdeáin a chur ar an eolas laistigh de cheithre lá dhéag ó thráth a fhaighte. Ní mór don iarrthóir freisin an síntiús nó a luach a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Síntiúis ón gcoigríoch

1.22 Tá toirmeasc ar iarrthóir glacadh le síntiús, cibé luach atá air, arna thabhairt ag pearsa aonair (nach saoránach Éireannach) ar a bhfuil cónaí lasmuigh d'oileán na hÉireann nó ag comhlacht corpraithe nó neamhchorpraithe daoine nach bhfuil oifig ar oileán na hÉireann acu óna ndéantar ceann nó níos mó dá bpríomhghníomhaíochtaí a stiúradh (dá dtagraítear thíos mar shíntiús ón gcoigríoch).

1.23 Ní mór don iarrthóir síntiús ón gcoigríoch a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá ó thráth a fhaighte agus ní mór é a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an t-iarrthóir an síntiús a chur ar ais chuig an síntiúsóir agus taifead scríofa a choinneáil ar an aisíoc sin d'fhonn é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, má éilítear sin.

Síntiúis de bhreis ar an teorainn leagtha síos

1.24 Is é €2,539.48 luach uasta an/na tsíntiúis/síntiús ar féidir le hiarrthóir

glacadh leis/leo ó dhuine ar leith i mbliain féilire ar leith, go díreach nó trí idirghabhálaí. I gcás go dtugann duine níos mó ná síntiús amháin d' iarrthóir i mbliain ar leith ní mór na síntiúis a chomhiomlánú chun críche cloí leis an teorainn uasta.

1.25 Níl feidhm ag an teorainn uasta le hoifig toghlaigh arna cur ar fáil don iarrthóir ag duine nó, má chuirtear níos mó ná oifig amháin dá leithéid ar fáil, le cibé ceann de na hoifigí a ainmíonn an t-iarrthóir i scríbhinn.

1.26 Tá feidhm ag an teorainn uasta, áfach, le síntiúis airgid arna bhfáil ag iarrthóir óna p(h)áirtí polaitíochta. Ní mór síntiúis airgid ó aon chraobh den pháirtí (lena n-áirítear ceannoifig an pháirtí) a chomhiomlánú chun críche cloí leis an teorainn uasta agus ní mór déileáil leo mar shíntiús aonair ón bpáirtí.

1.27 I gcás go bhfaightear síntiús agus go bhfuil sé toirmiscthe toisc é a bheith os cionn na teorann, ní mór don iarrthóir é sin a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá ó thráth a fhaighte agus an síntiús sin, nó an pháirt sin den síntiús airgid atá os cionn na teorann, a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an t-iarrthóir an síntiús a chur ar ais chuig an síntiúsóir agus taifead scríofa a choinneáil ar an aisíoc sin d'fhonn é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, má éilítear sin.

Síntiúis thoirmiscthe eile

1.28 Tá cineál eile síntiúis ann a bhfuil toirmeasc ar iarrthóir glacadh leis. Chun é seo a mhíniú is gá a rá i gcás síntiúsóirí aonair a thugann síntiúis, le luach iomlán de bhreis ar €5,078.95 in aon bhliain féilire, do bheirt chomhaltaí nó níos mó den pháirtí polaitíochta céanna (nó do pháirtí polaitíochta agus do dhuine nó níos mó dá chomhaltaí) nach mór do na

síntiúsóirí sin, faoin reachtaíocht, Ráiteas Síntiúis agus Dearbhú Reachtúil a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ina nochtar sonraí na síntiús. Mura bhfuil sé i gceist ag an síntiúsóir iomchuí an ceanglas seo a chomhlíonadh, agus má tá an t-iarrthóir ar an eolas faoi sin, tá toirmeasc ar an iarrthóir glacadh le síntiús ón síntiúsóir.

1.29 Má fhaigheann iarrthóir síntiús toirmiscthe dá leithéid, ní mór don iarrthóir an Coimisiún um Chaighdeáin a chur ar an eolas faoi laistigh de 14 lá ó thráth a fhaighte. Ní mór don iarrthóir an síntiús, nó a luach, a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin.

1.30 **Is cion é mura gcuirtear an Coimisiún um Chaighdeáin ar an eolas faoi shíntiús toirmiscthe, mura gcuirtear ar ais é nó mura n-aisíoctar é.**

H. Feasacht ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ag tabhú caiteachais, gan údarú cuí, chun iarrthóir a chur chun tosaigh nó chun cur i gcoinne iarrthóra i dtoghchán na hEorpa

1.31 Is cion é d'iarrthóir, nó d'aon duine eile, lena n-áirítear, mar shampla, craobh áitiúil de chuid páirtí polaitíochta, costais a thabhú nó íocaíochtaí a dhéanamh bainteach le feachtas iarrthóra mura bhfuil sé sin údaraithe ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra nó ag gníomhaire náisiúnta pháirtí polaitíochta an iarrthóra. Folaíonn sé sin glacadh le síntiús ábhair nó seirbhíse toghcháin, e.g. bileoga nó fógraíocht, bíodh sé saor in aisce nó faoi bhun an phraghais tráchtála.

1.32 Is féidir fógraí nó fógráin a chur i nuachtáin, in irisí nó i dtréimhseacháin eile a chuireann leasanna páirtí polaitíochta nó iarrthóra chun tosaigh nó a chuireann i gcoinne leasanna páirtí polaitíochta nó iarrthóra sa chás sin

amháin go n-iarrann iarrthóir, gníomhaire toghcháin iarrthóra, gníomhaire toghcháin de chuid páirtí polaitíochta nó duine atá údaraithe i scríbhinn ag an iarrthóir nó ag ceachtar gníomhaire é.

1.33 Féadfaidh "tríú páirtithe" nó "pearsana eile" (féach Caibidil 4) fógraí nó fógráin a chur i nuachtáin, in irisí nó i dtréimhseacháin má sholáthraíonn siad don fhoilsitheoir deimhniú ón gCoimisiún um Chaighdeáin ina ndearbhaítear go bhfuil a n-oibleagáidí dlíthiúla a dtugtar achoimre orthu i bparagraf 4.18 thíos comhlíonta acu. Eisíonn an Coimisiún um Chaighdeáin an deimhniú sin nuair atá an fhaisnéis iomchuí go léir faighte ón tríú páirtí/ón bpearsa eile. Cuirfidh an Coimisiún um Chaighdeáin foilsitheoirí ar an eolas faoi cheanglais na reachtaíochta maidir leis sin.

Caiteachas ag Iarrthóirí Toghcháin Áitiúil

1.34 Sa mhéid go ndéanfar toghcháin áitiúla 2004 a thionól ar an lá céanna is a thionólfar toghcháin na hEorpa, is gá d'iarrthóirí i dtoghchán na hEorpa a bheith ar an eolas go háirithe faoi iarrthóirí a d'fhéadfadh a bheith ag áireamh tagartha don **iarrthóir i dtoghchán na hEorpa** ina n-ábhair phoiblíochta. I gcás go bhfolaítear tagairtí dá leithéidí, meastar go bhfuiltear ag cur chun tosaigh iarrthóireacht an **iarrthóra i dtoghchán na hEorpa** agus gur caiteachas arna thabhú thar ceann an iarrthóra sin é.

1.35 I gcás iarrthóir toghcháin áitiúil, stiúrthóir toghchán, srl., a bhfuil sé beartaithe aige/aici tagairt d'iarrthóir i dtoghchán na hEorpa a áireamh in ábhar poiblíochta toghcháin áitiúil, ní mór dó/di údarú a fháil ó **ghníomhaire toghcháin an iarrthóra i dtoghchán na hEorpa** nó ó ghníomhaire toghcháin pháirtí polaitíochta an iarrthóra i dtoghchán na hEorpa chun déanamh amhlaidh. Féadfaidh duine a thabhaíonn caiteachas dá leithéid thar ceann iarrthóra i dtoghchán na hEorpa gan a

bheith údaraithe chun déanamh amhlaidh a bheith ciontach i gcion.

1.36 I gcás go bhfuil iarrthóir i dtoghchán na hEorpa le feiceáil in ábhar poiblíochta toghcháin áitiúil, is ceart a mhéid atá an t-iarrthóir i dtoghchán na hEorpa le feiceáil a úsáid mar bhonn chun an méid a ríomh atá le háireamh sa Ráiteas Costas Toghcháin a chuireann an gníomhaire toghcháin nó an gníomhaire náisiúnta a d'údaraigh an costas toghcháin ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

1.37 I gcás go ndéantar costais dá leithéidí a thabhú ag páirtí polaitíochta, ní mheastar iad mar shíntiús don iarrthóir i dtoghchán na hEorpa.

1.38 I gcás go ndéantar costais dá leithéidí a thabhú ag iarrthóir i dtoghchán áitiúil, gan aon táille don iarrthóir i dtoghchán na hEorpa, meastar é mar shíntiús don iarrthóir i dtoghchán na hEorpa. Más mó ná €634.87 luach an chostais ní mór don iarrthóir i dtoghchán na hEorpa é sin a nochtadh ina Ráiteas Síntiús.

1.39 Cuirtear comhairle ar gach iarrthóir i dtoghchán na hEorpa a bheith ar an eolas faoi aon chaiteachas dá leithéid a bheith á thabhú thar a c(h)eann ag iarrthóirí toghcháin áitiúil, ag stiúrthóirí toghchán nó ag daoine eile. Má chuirtear iarrthóir ar an eolas go bhfuil duine, taobh amuigh de ghníomhaire toghcháin iarrthóra nó de ghníomhaire toghcháin páirtí polaitíochta, ag tabhú costas thar a c(h)eann i dtoghchán na hEorpa, is ceart go gcinnteodh an t-iarrthóir go bhfuil sé sin údaraithe ag ceachtar den dá ghníomhaire sin. Mura bhfuil sé údaraithe, bheadh an duine atá ag tabhú na gcostas ag déanamh ciona mura bhfuil deimhniú chun na costais a thabhú eisithe ag an gCoimisiún um Chaighdeáin chuig an duine [Féach Caibidil 4 maidir le tríú páirtithe, pearsana eile agus foilsitheoirí]. Más gá, is ceart go dtabharfadh an gnó ar aird an Choimisiúin um Chaighdeáin agus déanfar beart iomchuí.

Caiteachas arna thabhú i ndáil le reifreann

1.40 I gcás go dtionólfar an reifreann beartaithe ar shaoránacht na hÉireann ag an am céanna is a thionólfar an toghchán Eorpach, is ceart go dtabharfadh iarrthóirí dá n-aire i gcás go luaitear in ábhar a bhaineann leis an reifreann iarrthóireacht duine sa toghchán Eorpach, go measfar sin mar ábhar a chuireann an t-iarrthóir chun tosaigh. Má úsáidtear ábhar dá leithéid le linn na tréimhse toghcháin Eorpaigh (féach paragraf 2.20), measfar an costas iomchuí mar chostas toghcháin arna thabhú thar ceann an iarrthóra nach mór a údarú ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra agus nach mór dó/di cuntas a thabhairt orthu. Tá feidhm aige seo freisin le hábhar a scaipeann iarrthóir, a scaiptear thar a c(h)eann, nó a scaipeann duine nó comhlacht a meastar é/í a bheith bainteach le hiarrthóir, ina dtagraítear d'fheachtas toghcháin Eorpaigh iarrthóra eile.

I. An doiciméadú reachtúil riachtanach a chur ar fáil i ndiaidh toghcháin na hEorpa

Iarrthóirí nach n-éiríonn leo

1.41 Mura n-éiríonn le hiarrthóir i dtoghchán na hEorpa, ní mór dó nó di, **laistigh de 56 lá** i ndiaidh lá na vótála (arb é an **6 Lúnasa 2004** é i gcás thoghchán na hEorpa), Ráiteas Síntiús agus Dearbhú Reachtúil a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ina dtugtar sonraí faoi gach síntiús arna fháil **i ndáil le toghchán na hEorpa** de luach de bhreis ar €634.87. Ní mór síntiúis arna dtabhairt ag an duine céanna don iarrthóir céanna i ndáil le toghchán na hEorpa a chomhiomlánú agus déileáil leo mar shíntiús aonair. Clúdaíonn an ceanglas sin síntiúis arna bhfáil ag aon tráth i ndáil le toghchán na hEorpa.

1.42 Ní mór an Ráiteas Síntiús agus an Dearbhú Reachtúil a chur ar fáil cibé acu go bhfuair nó nach bhfuair an t-iarrthóir síntiús. Mura bhfuarthas aon síntiús, ní mór tuairisceán
"neamhní" a thabhairt.

1.43 Má fuarthas síntiús airgid de bhreis ar €126.97 agus má ceanglaíodh ar an iarrthóir cuntas síntiús polatiúil a oscailt (féach paragraf 1.19), nó má bhí cuntas síntiús polaitiúil ag an iarrthóir cheana féin, ní mór ráiteas arna sholáthar ag an institiúid airgeadais ina bhfuil an cuntas a chur in éineacht leis an Ráiteas Síntiús. Ní mór a shonrú sa ráiteas na hidirbhearta atá déanta i ndáil leis an gcuntas le linn na tréimhse dar tús an dáta ar ar osclaíodh an cuntas agus dar deireadh lá na vótála i dtoghchán na hEorpa. Ní mór freisin Deimhniú Síntiús Airgid a chur in éineacht leis an Ráiteas Síntiús ina ndeimhnítear go ndearnadh gach síntiús airgid a fuarthas tar éis gur osclaíodh an cuntas a thaisceadh sa chuntas agus go ndearnadh gach méid a cuireadh do dhochar an chuntais a úsáid chun críocha polaitíochta. Ní mór don iarrthóir an Deimhniú a shíniú agus ní mór Dearbhú Reachtúil ar leithligh a chur ag gabháil leis.

1.44 Is cion é mura seoltar Ráiteas Síntiús agus an doiciméadú go léir a ghabhann leis chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh den tréimhse ama reachtúil.

1.45 Déanfaidh foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin teagmháil le hiarrthóirí nach n-éiríonn leo i ndiaidh toghcháin na hEorpa agus cuirfidh siad an fhoirm iomchuí Ráiteas Síntiús/Dearbhú Reachtúil agus an fhoirm Deimhniú Síntiús Airgid/Dearbhú Reachtúil ar fáil dóibh le comhlánú. Beidh cabhair chun na foirmeacha a chomhlánú, lena n-áirítear comhairle i ndáil le cad is nó cad nach síntiús in aon chás ar leith, ar fáil ach í a iarraidh.

Iarrthóirí nach n-éiríonn leo

1.46 Má **thoghtar** iarrthóir i dtoghchán na hEorpa, **ní** bheidh ceangal air nó uirthi Ráiteas Síntiús agus Dearbhú Reachtúil agus an doiciméadú a ghabhann leo a chur faoi bhráid laistigh de 56 lá i ndiaidh lá na vótála. Ina áit sin, ní mór do gach Comhalta de Pharlaimint na hEorpa Ráiteas

Síntiús bliantúil agus Dearbhú Reachtúil agus an doiciméadú a ghabhann leo a chur faoi bhráid. Clúdaíonn an Ráiteas Síntiús/Dearbhú Reachtúil sin an bhliain féilire roimhe agus ní mór é a chur faoi bhráid faoin 31 Eanáir gach bliain. Cuirfidh an Coimisiún um Chaighdeáin foirmeacha chun na críche sin ar fáil do Chomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa go luath i mí Eanáir gach bliain.

1.47 Sa chéad Ráiteas Síntiús/Dearbhú Reachtúil agus sa doiciméadú a ghabhann leo a chuireann Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa faoi bhráid tar éis toghchán na hEorpa ní mór a áireamh síntiúis de luach, nó de luach comhiomlán ón duine céanna, de bhreis ar €634.87 arna bhfáil le linn na bliana féilire roimhe. Sa chás seo, ní mór a shonrú sa ráiteas ón institiúid airgeadais na hidirbhearta atá déanta i ndáil leis an gcuntas sa bhliain féilire iomchuí.

1.48 Déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin cóipeanna de Ráitis Síntiús agus de Dhearbhuithe Reachtúla a fhaightear ó iarrthóirí nach n-éiríonn leo agus ó Chomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa a chur faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais agus a chur ar fáil le haghaidh iniúchta phoiblí in oifigí an Choimisiúin um Chaighdeáin agus, i bhformáid achomair, ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin.

1.49 Coinníonn an Coimisiún um Chaighdeáin Deimhnithe Síntiús Airgid/Dearbhuithe Reachtúla ó institiúidí airgeadais agus ní chuirtear ar taispeáint go poiblí ná ní nochtar ar bhealach eile iad, mura n-éilítear sin ag ordú cúirte nó fiafraí de chuid an Choimisiúin um Chaighdeáin.

J. Aisíoc costas toghcháin a éileamh i gcás gur incháilithe déanamh amhlaidh

1.50 Más incháilithe, tá iarrthóir i dteideal cur isteach ar aisíoc a gcostas toghcháin na hEorpa. D'fhonn cáiliú le haghaidh aisíoca:

ní mór don iarrthóir a bheith tofa, nó

mura dtoghtar an t-iarrthóir, ní mór go bhfuair sé nó sí níos mó ná ceathrú den chuóta sa toghlach ag aon chéim de chomhaireamh na vótaí.

1.51 Is é an méid uasta is féidir a aisíoc ná an ceann is lú de €38,092.14 nó méid iarbhír na gcostas toghcháin arna dtabhú ar an iarrthóir.

1.52 Le linn méid an aisíoca a ríomh is ceart aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- costais arna dtabhú ar an iarrthóir mar atá curtha i gcuntas ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra, agus
- costais arna dtabhú ar an iarrthóir sa toghlach ag páirtí polaitíochta an iarrthóra agus atá curtha i gcuntas ag an ngníomhaire náisiúnta.

1.53 D'fhonn aisíoc chostais toghcháin iarrthóra incháilithe a dheimhniú, ní mór an méid seo a leanas a bheith faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin:

- foirm iarratais chomhlánaithe ar aisíoc costas toghcháin;
- Ráiteas Costas Toghcháin/Dearbhú Reachtúil comhlánaithe an ghníomhaire toghcháin;
- Ráiteas Costas Toghcháin/Dearbhú Reachtúil comhlánaithe an ghníomhaire náisiúnta;
- sonraisc, dearbháin nó admhálacha tacaíochta;
- i gcás iarrthóra nach n-éiríonn leis/léi, ní mór Ráiteas Síntiús/Dearbhú Reachtúil comhlánaithe an iarrthóra in éineacht leis an doiciméadú a ghabhann leo a fháil sula féidir an fhoirm iarratais aisíoca a eisiúint.

1.54 Nuair atá an doiciméadú reachtúil iomchuí faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin agus nuair atá sé sásta maidir lena chomhlánú ceart, eiseoidh sé foirm iarratais aisíoca chuig an iarrthóir. **Ní dheimhneoidh an Coimisiún um Chaighdeáin aisíoc costas toghcháin i gcás nach bhfuil an doiciméadú reachtúil agus tacaíochta curtha ar fáil.**

1.55 Ar fháil na foirme iarratais comhlánaithe, deimhneoidh an Coimisiún um Chaighdeáin leis an Roinn Airgeadais an méid is ceart a aisíoc leis an iarrthóir.

1.56 Déanann an Roinn Airgeadais an t-aisíoc leis an iarrthóir go díreach agus ní mheastar é mar shíntiús don iarrthóir.

1.57 Níl ceangal ar iarrthóir aon chuid den aisíoc a chur ar aghaidh chuig a p(h)áirtí polaitíochta. Má chuireann iarrthóir aisíoc ar aghaidh chuig páirtí polaitíochta an iarrthóra, ní gá don pháirtí é a nochtadh mar shíntiús mura bhfuil an méid a chuirtear ar aghaidh €5,078.95 níos mó ná an méid iomlán a chaith an páirtí ar an iarrthóir i dtoghchán na hEorpa.

K. Cionta agus pionóis infheidhme le hiarrthóirí i dtoghchán Pharlaimint na hEorpa

1.58 Is cion don iarrthóir é gan sonraí faoi chostais arna dtabhú roimh cheapadh gníomhaire toghcháin a chur ar fáil don ghníomhaire toghcháin, in am dóthanach chun a chumasú don ghníomhaire a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh.

1.59 Tar éis go gceaptar gníomhaire toghcháin, is cion don iarrthóir é costais toghcháin a thabhú mura bhfuil sé údaraithe déanamh amhlaidh ag a g(h)níomhaire toghcháin nó ag gníomhaire toghcháin a p(h)áirtí

polaitíochta.

1.60 Mura gcuirtear síntiús gan ainm, dá dtagraítear i bparagraf 1.21 thuas, in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin, nó mura gcuirtear ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin é, féadfar fíneáil suas le €1,269.74 a tharraingt.

1.61 Má ghlactar i gcomhfhios le síntiús toirmiscthe, dá dtagraítear i bparagraf 1.28 thuas, féadfar fíneáil suas le €1,269.74 a tharraingt.

1.62 Mura gcuirtear síntiús toirmiscthe dá dtagraítear i bparagraf 1.22 nó 1.24 thuas in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin, nó ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin, nó ar ais, de réir mar is cuí, chuig an síntiúsóir, féadfar fíneáil suas le €1,269.74 a tharraingt.

1.63 Mura gcuirtear Ráiteas Síntiús agus an doiciméadú a ghabhann leis ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh den sprioc ama reachtúil féadfar fíneáil suas le
€1,269.74 a tharraingt. Ina theannta sin, féadfar fíneáil leanúnach suas le €126.97 in aghaidh gach lae, ar a mbíonn an Ráiteas Síntiús nó an doiciméadú a ghabhann leis amuigh fós, a tharraingt.

1.64 Má dhéantar i gcomhfhios Ráiteas Síntiús nó Dearbhú Reachtúil, nó ráiteas institiúide airgeadais, Deimhniú nó Dearbhú Reachtúil, atá falsa nó míthreorach a chur ar fáil féadfar fíneáil suas le €25,394.76 agus/nó suas le 3 bliana príosúnachta a tharraingt.

Caibidil 2

Gníomhairí Toghcháin Iarrthóirí

Gníomhairí Toghcháin Iarrthóirí

Is iad na príomhcheisteanna ar ceart go mbeadh gníomhaire toghcháin iarrthóra i dtoghchán na hEorpa ar an eolas fúthu d'fhonn comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta a chinntiú ná:

(A) Ceapadh mar ghníomhaire toghcháin
(B) Príomhfheidhmeanna gníomhaire toghcháin
(C) Teorainneacha caiteachais do thoghchán na hEorpa
(D) Sannadh coda de theorainn caiteachais reachtúil iarrthóra dá p(h)áirtí polaitíochta (má táthar ag dul san iomaíocht i dtoghchán na hEorpa mar iarrthóir páirtí)
(E) "An Tréimhse Toghcháin" - Dátaí a bhfuil feidhm ag an teorainn caiteachais eatarthu
(F) Feasacht ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ag tabhú costais toghcháin thar ceann iarrthóra gan a bheith údaraithe déanamh amhlaidh
(G) Cad is costais toghcháin?
(H) Cad nach costais toghcháin?
(I) Íoc sonrasc le soláthraithe
(J) Ráiteas Costas Toghcháin a chur ar fáil i ndiaidh toghcháin na hEorpa
(K) Iarmhairtí róchaiteachais ag gníomhaire toghcháin
(L) Cionta agus pionóis infheidhme le gníomhairí toghcháin i dtoghchán na hEorpa

A. Ceapadh mar ghníomhaire toghcháin

2.1 Ní mór do gach iarrthóir gníomhaire toghcháin a cheapadh. Caithfidh oifig nó ionad sa toghlach nó cóngarach dó a bheith ag an ngníomhaire toghcháin ar féidir éilimh, fógraí, eascairí, toghairmeacha agus doiciméid eile a sheoladh chuige. Ní mór don iarrthóir ainm agus seoladh oifige an ghníomhaire toghcháin a sholáthar i scríbhinn don

Cheann Comhairimh le haghaidh an toghlaigh ina bhfuil an t-iarrthóir ag seasamh sa toghchán. Ní mór é sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná an lá deiridh ar a nglactar le hainmniúcháin i dtoghchán na hEorpa. Cuirfidh an Ceann Comhairimh sonraí an ghníomhaire toghcháin ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ansin.

2.2 Tá sé an-tábhachtach go gcuirtear na sonraí cearta maidir le ceapachán gníomhaire toghcháin in iúl don Cheann Comhairimh. Ní ghlacfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin le Ráiteas Costas Toghcháin ach ón duine a cuireadh in iúl dó ag an gCeann Comhairimh mar ghníomhaire toghcháin an iarrthóra. Is ceart go gcinnteodh an gníomhaire toghcháin, mar sin, go bhfuil a c(h)uid sonraí cruinne curtha in iúl aige/aici don Cheann Comhairimh.

2.3 Féadfaidh iarrthóir gníomhú mar ghníomhaire toghcháin dó/di féin. Mura gcuirfidh iarrthóir ceapachán gníomhaire toghcháin in iúl don Cheann Comhairimh laistigh den tréimhse shonraithe, measfar go bhfuil sé/sí féin ag gníomhú mar ghníomhaire toghcháin dó/di féin. Ceanglaítear ar iarrthóir a ghníomhaíonn mar ghníomhaire toghcháin dó/di féin ceanglais na reachtaíochta a chomhlíonadh mar iarrthóir agus mar ghníomhaire toghcháin araon.

B. Príomhfheidhmeanna gníomhaire toghcháin

2.4 Is é an gníomhaire toghcháin an príomhnasc don Choimisiún um Chaighdeáin i dtoghchán na hEorpa i ndáil le caiteachas arna thabhú thar ceann iarrthóra sa toghchán. Is ceart go mbeadh sé/sí compordach le hairgead a láimhsiú agus le cuntais a choimeád.

2.5 Féadfaidh an duine céanna gníomhú mar ghníomhaire toghcháin do níos mó ná iarrthóir amháin. In imthosca dá leithéidí bíonn an gníomhaire

toghcháin freagrach as gach iarrthóir ina nduine agus ina nduine. Ní mór cúram mór a dhéanamh chun a chinntiú go gcoinnítear taifid agus cuntais ar leith i gcás gach iarrthóra agus gur féidir costais a chionroinnt idir na hiarrthóirí éagsúla i gcás gur gá sin.

2.6 Is é príomhfheidhm an ghníomhaire toghcháin ná caiteachas a údarú agus a rialú a bhaineann le feachtas toghchánaíochta an iarrthóra. Féadfaidh an gníomhaire freisin cabhrú leis an iarrthóir i ndáil le toghchán na hEorpa.

2.7 Is é an gníomhaire toghcháin an t-aon duine ar féidir leis/léi caiteachas a thabhú nó íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann an iarrthóra. Is ceart don ghníomhaire toghcháin agus ní don iarrthóir gach sonrasc, admháil nó dearbhán a choinneáil.

2.8 Féadfaidh an gníomhaire toghcháin daoine eile a údarú chun costais a thabhú nó íocaíochtaí a dhéanamh laistigh de theorainneacha airgeadais sonraithe. Ní mór don ghníomhaire toghcháin cuntas a thabhairt ar chaiteachas ag gach duine údaraithe dá leithéid. Ní mór do na costais a thabhaítear nó na híocaíochtaí a dhéantar a bheith laistigh den teorainn arna leagan síos ag an ngníomhaire toghcháin. Níl aon rud ann a choisceann ar ghníomhaire toghcháin an t-iarrthóir nó gníomhaire náisiúnta pháirtí polaitíochta an iarrthóra (más cuí) a ainmniú mar dhaoine údaraithe. Ní mór sonraí faoi gach duine údaraithe, lena n-áirítear an méid a ceadaíodh dó/di a chaitheamh agus a chaith sé/sí ar deireadh, a áireamh i Ráiteas Costas Toghcháin an ghníomhaire toghcháin, a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin i ndiaidh toghcháin na hEorpa (féach paragraf 2.51 agus 2.52).

2.9 Ní féidir le hiarrthóir costais a thabhú nó íocaíochtaí a dhéanamh i ndáil leis an bhfeachtas toghchánaíochta gan a bheith údaraithe déanamh

amhlaidh ag an ngníomhaire toghcháin. Is cion é má thabhaíonn iarrthóir costais nó má dhéanann sé nó sí íocaíochtaí, seachas iad sin a dhéantar i dtaca lena "c(h)ostais mhaireachtála réasúnacha", mura n-údaraíonn an gníomhaire toghcháin a leithéid sin. (Féach paragraf 2.41(ii) thíos le haghaidh mínithe ar cad is brí le "costais mhaireachtála réasúnacha".) I gcás go bhfuil costais tabhaithe ag iarrthóir nó thar ceann iarrthóra sula gceaptar gníomhaire toghcháin, ní mor don iarrthóir sonraí faoi na costais sin a chur ar fáil don ghníomhaire toghcháin, in éineacht le gach dearbhán iomchuí.

2.10 I gcás gur cuí, is ceart comhaontuithe agus údarúcháin a chur i bhfeidhm idir **gníomhairí toghcháin comhiarrthóirí** i dtoghlach chun an costas a chlúdach a ghabhann le cur chun tosaigh comhiarrthóirí a chéile. Maidir le cur chun tosaigh comhiarrthóra in ábhar toghchánaíochta iarrthóra, trí thacaíocht a áireamh san ábhar a lorgaíonn vótaí don chomhiarrthóir, mar shampla, is ionann sin agus caiteachas toghcháin arna thabhú ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra thar ceann an chomhiarrthóra. Tugtar traschanbhasáil nó stiallchur chun tosaigh air seo. Ní mór cion den chostas, is ceart a ríomh ar bhonn a mhéid atá an comhiarrthóir léirithe, a íoc laistigh de theorainn caiteachais an chomhiarrthóra agus ní mór dá g(h)níomhaire toghcháin é sin a údarú agus a thaifeadadh.

2.11 Tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas nach mór an nós imeachta tuairiscithe thuas a leanúint go fiú má fuarthas an treorú chun traschanbhasáil nó stiallchur chun tosaigh a dhéanamh ó cheannoifig páirtí nó ó orgán eile de pháirtí. Mar atá ráite, is ceart costas táirgthe agus dáilte an ábhair a chionroinnt idir na hiarrthóirí atá á gcur chun tosaigh ar mhodh a léiríonn go réasúnach a mhéid atá gach duine díobh léirithe san ábhar.

C. Teorainneacha caiteachais do thoghchán na hEorpa

2.12 Tá an teorainn caiteachais reachtúil do Thoghcháin na hEorpa leagtha amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 87 de 2004. Is é an teorainn in aghaidh an iarrthóra, **CBL san áireamh**, ná **€230,000.**

2.13 Léiríonn an teorainn sin an caiteachas uasta ar iarrthóir i dtoghlach a cheadaítear agus folaíonn sí gach caiteachas ag an ngníomhaire toghcháin agus páirtí polaitíochta (idir ceannoifig agus eagraíocht áitiúil) ar iarrthóir. Áirithe freisin, ar a phraghas tráchtála, tá luach aon mhaoine, earraí nó seirbhísí a sholáthraítear saor in aisce nó faoi bhun costais.

2.14 Baineann an teorainn le **gach iarrthóir aonair** i dtoghlach. Ní féidir aon chuid de theorainn iarrthóra amháin a aistriú chuig iarrthóir eile.

2.15 Is ceart a thuiscint nach gceadaítear aon chaiteachas ar leithligh nó breise ag páirtí polaitíochta ar iarrthóir os cionn an mhéid atá sannta don pháirtí ag an iarrthóir (féach paragraf 2.16 thíos). Má dhiúltaigh iarrthóir páirtí polaitíochta aon chuid den teorainn caiteachais reachtúil a shannadh don pháirtí, ní fhéadfadh an páirtí aon chostais a thabhú ar an iarrthóir sin i dtoghchán na hEorpa, mura n-údaraíonn gníomhaire toghcháin an iarrthóra don pháirtí déanamh amhlaidh.

D. Sannadh coda de theorainn caiteachais reachtúil iarrthóra dá p(h)áirtí polaitíochta (má táthar ag dul san iomaíocht i dtoghchán na hEorpa mar iarrthóir páirtí)

2.16 Má tá iarrthóir ag dul san iomaíocht sa toghchán thar ceann páirtí polaitíochta, féadfaidh sé/sí méid a t(h)eorann caiteachais atá á shannadh aige/aici don pháirtí le caitheamh ag gníomhaire náisiúnta an pháirtí a chomhaontú, i scríbhinn, lena p(h)áirtí polaitíochta.

D'fhéadfadh sé sin a bheith suas le 100% de theorainn an iarrthóra. Níl aon oibleagáid dhlíthiúil, áfach, ar iarrthóir aon mhéid a shannadh don pháirtí. Ní féidir le gníomhaire toghcháin an iarrthóra ach méid na

teorann don iarrthóir atá fágtha i ndiaidh don sannadh a bheith déanta a chaitheamh, nó a údarú le caitheamh. I bhfocail eile, níl cibé méid a shannann iarrthóir don pháirtí ar fáil le caitheamh ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra.

Sampla: Teorainn caiteachais reachtúil don iarrthóir
= €230,000
Méid arna shannadh ag an iarrthóir don pháirtí
= <u>€ 50,000</u>
Méid is féidir leis an ngníomhaire toghcháin a chaitheamh
= €180,000

2.17 Ní shonraítear sa reachtaíocht cén uair nach mór an sannadh scríofa a dhéanamh. Ar an dul céanna, ní choisceann an reachtaíocht athchaibidlíocht a dhéanamh ar an sannadh comhaontaithe. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, má tá sannadh do pháirtí polaitíochta á dhéanamh, gur ceart é a dhéanamh agus a chur in iúl don ghníomhaire toghcháin sula ndéantar aon chostais a thabhú ag an ngníomhaire toghcháin nó ag gníomhaire náisiúnta pháirtí polaitíochta an iarrthóra.

2.18 Ceanglaítear faoin reachtaíocht nach mór an sannadh comhaontaithe a dhéanamh **i scríbhinn** idir an t-iarrthóir agus an páirtí. I gcás go ndéantar athchaibidlíocht ar shanntaí, ní mór comhaontú scríofa nua a dhéanamh idir an t-iarrthóir agus an páirtí. Is ceart cóip den chomhaontú scríofa a sholáthar do ghníomhaire toghcháin an iarrthóra. Ní mór don ghníomhaire toghcháin cóip den chomhaontú scríofa a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin lena Ráiteas Costas Toghcháin.

2.19 Ní mór comhchaiteachas an iarrthóra ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra (lena n-áirítear daoine údaraithe) agus gníomhaire náisiúnta an pháirtí (lena n-áirítear daoine údarasaithe) a choinneáil laistigh den

teorainn caiteachais reachtúil don iarrthóir. [Tugtar achoimre ar an teorainn caiteachais i bparagraf 2.12 thuas.]

E. "An Tréimhse Toghcháin" - Dátaí a bhfuil feidhm ag an teorainn caiteachais eatarthu

2.20 Tá feidhm ag an teorainn caiteachais i dtoghchán na hEorpa le gach costas arna thabhú agus íocaíocht arna déanamh chun maoin, earraí nó seirbhísí a sholáthar a úsáidtear chun críocha toghchánaíochta le linn na tréimhse ó dháta an ordaithe lena gceaptar lá na vótála go lá na vótála féin, agus an dá dháta sin san áireamh. Tugtar **an tréimhse toghcháin** air sin.

2.21 Is cuma cathain a thabhaítear na costais nó a dhéantar na híocaíochtaí, ní mór cuntas a thabhairt orthu má bhaineann siad le maoin, le hearraí nó le seirbhísí a úsáidtear chun críocha toghchánaíochta le linn na tréimhse toghcháin. Dá réir sin, ní mór cuntas a thabhairt ar chostais a thabhaítear nó ar íocaíochtaí a dhéantar aon tráth roimh dháta an ordaithe lena gceaptar lá na vótála ar mhaoin, ar earraí nó ar sheirbhísí a úsáidtear le linn na tréimhse toghcháin.

2.22 Má thabhaítear costais nó má dhéantar íocaíochtaí ar mhaoin, ar earraí nó ar sheirbhísí a bhí le húsáid ach nár úsáideadh, nó nár úsáideadh ach i bpáirt, le linn na tréimhse toghcháin ní gá cuntas a thabhairt ar an bpáirt gan úsáid. Ar an dul céanna, ní gá cuntas a thabhairt ar chostais arna dtabhú nó ar íocaíochtaí arna ndéanamh i leith maoine, earraí nó seirbhísí a úsáideadh roimh dháta an ordaithe lena gceaptar lá na vótála nó a úsáideadh i ndiaidh lá na vótála. I measc samplaí de sin d'áireofaí:

- ábhar poiblíochta scaipthe ag iarrthóirí/páirtithe polaitíochta roimh thosach na tréimhse toghcháin;

- póstaeir a cuireadh in airde agus a baineadh anuas roimh thosach na tréimhse toghcháin;
- costais árachais nó chíosa infheidhme le háitreabh feachtais sa mhéid go mbaineann na costais le tréimhse roimh an tréimhse toghcháin agus/nó i ndiaidh an toghcháin;
- fógráin "buíochais" a scaiptear i ndiaidh an toghcháin.

2.23 Má fhoilsítear fógrán i nuachtán nó i dtréimhseachán eile ar a bhfuil dáta foilsithe (.i. an dáta clóite ar an bpáipéar) atá laistigh den tréimhse toghcháin, measfar an fógrán ina chostas toghcháin.

2.24 **Déanfar** costas pobalbhreithe nó suirbhé comhchosúil eile a dhéantar laistigh de thréimhse 60 lá roimh lá na vótála a mheas mar chostas toghcháin.

F. Feasacht ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ag tabhú costais toghcháin thar ceann iarrthóra gan a bheith údaraithe déanamh amhlaidh

2.25 Má fhaigheann gníomhaire toghcháin amach go bhfuil duine nó comhlacht, nach bhfuil údaraithe déanamh amhlaidh, ag tabhú costas nó ag déanamh íocaíochtaí i ndáil leis an iarrthóir i dtoghchán na hEorpa, is ceart don ghníomhaire toghcháin a rá leis an duine éirí as agus an Coimisiún um Chaighdeáin a chur ar an eolas faoi.

2.26 Tá caiteachas ag **"tríú páirtithe " agus "pearsana eile"**, .i. iad sin nach bhfuil bainteach le hiarrthóir nó le páirtí polaitíochta, ceadaithe faoin reachtaíocht (féach Caibidil 4). Má fhaigheann gníomhaire toghcháin amach go bhfuil aon duine nó aon ghrúpa ag tabhú costas chun a (h)iarrthóir, nó aon iarrthóir eile, a chur chun tosaigh, is ceart don

ghníomhaire fiafraí den Choimisiúin um Chaighdeáin an bhfuil deimhniú údarúcháin tugtha ag an gCoimisiún um Chaighdeáin don duine nó don ghrúpa sin chun costais a thabhú ar an tslí sin. Mura bhfuil deimhniú eisithe, tá cion á dhéanamh ag an duine nó ag an ngrúpa agus déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin beart cuí dá réir. (Féach paragraf 4.36)

2.27 Ní féidir fógraí nó fógráin a chur i nuachtáin, in irisí nó i dtréimhseacháin eile ina gcuirtear leasanna iarrthóra chun tosaigh nó ina gcuirtear i gcoinne leasanna iarrthóra ach sa chás go n-iarrtar é sin ag an iarrthóir, ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra, ag gníomhaire náisiúnta pháirtí polaitíochta an iarrthóra nó ag duine údaraithe i scríbhinn ag an iarrthóir nó ag ceachtar gníomhaire. Féadfaidh "tríú páirtithe" agus "pearsana eile" fógrán nuachtáin a eagrú má sholáthraíonn siad don fhoilsitheoir deimhniú ón gCoimisiún um Chaighdeáin ina ndearbhaítear go bhfuil a n-oibleagáidí dlíthiúla a dtugtar achoimre orthu i bparagraf 4.18 thíos comhlíonta acu. Cuirfidh an Coimisiún um Chaighdeáin eagarthóirí/foilsitheoirí ar an eolas faoi cheanglais na reachtaíochta maidir leis sin.

Caiteachas ag iarrthóirí Toghcháin Áitiúil

2.28 Sa mhéid go mbeidh toghcháin áitiúla 2004 á dtionól ar an lá céanna is a thionólfar toghcháin Pharlaimint na hEorpa, tá an fhéidearthacht ann go luafar iarrthóirí thoghchán na hEorpa in ábhar poiblíochta iarrthóirí an toghcháin áitiúil. Leis sin measfar go bhfuil iarrthóireacht an iarrthóra i dtoghchán na hEorpa á cur chun tosaigh agus gur caiteachas arna thabhú thar ceann an iarrthóra sin é.

2.29 I gcás iarrthóir toghcháin áitiúil, stiúrthóir toghchán, srl., a bhfuil sé i gceist aige/aici tagairt d'iarrthóir i dtoghchán na hEorpa a lua in ábhar poiblíochta, fógraíochta, srl., an toghcháin áitiúil, ní mór dó/di a bheith údaraithe déanamh amhlaidh ag **gníomhaire toghcháin an iarrthóra i**

dtoghchán na hEorpa nó ag gníomhaire náisiúnta pháirtí polaitíochta an iarrthóra i dtoghchán na hEorpa. Feadfaidh duine a thabhaíonn caiteachas dá leithéid thar ceann iarrthóra i dtoghchán na hEorpa gan a bheith údaraithe déanamh amhlaidh a bheith ciontach i gcion.

2.30 I gcás go bhfuil iarrthóir i dtoghchán na hEorpa le fáil in ábhar nó i bhfógraíocht toghcháin áitiúil, is ceart a mhéid atá an t-iarrthóir i dtoghchán na hEorpa le fáil ann a úsáid mar bhonn chun an méid ar gá cuntas a thabhairt ina leith sa Ráiteas Costas Toghcháin a ríomh, ráiteas a chuireann an gníomhaire toghcháin nó gníomhaire náisiúnta a d' údaraigh an costas ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

2.31 Is ceart go mbeadh gníomhairí toghcháin ar an eolas faoi aon chaiteachas neamhúdaraithe dá leithéid arna thabhú ag iarrthóirí toghcháin áitiúil.

Caiteachas ag Eagraíocht Páirtí Áitiúil

2.32 Is ceart go dtuigfí nach gceadaítear aon chaiteachas ar leithligh nó breise ag páirtí polaitíochta os cionn na teorann caiteachais reachtúil. Is ceart go mbeadh aon chaiteachas arna thabhú ar an iarrthóir ag an eagraíocht páirtí áitiúil:

- údaraithe ag an ngníomhaire náisiúnta agus mínithe ar Ráiteas Costas Toghcháin an ghníomhaire náisiúnta; nó

- údaraithe ag an ngníomhaire toghcháin agus mínithe ar Ráiteas Costas Toghcháin an ghníomhaire toghcháin.

Caiteachas ag daoine/comhlachtaí a meastar iad a bheith bainteach le hiarrthóir

2.33 Is ceart go mbeadh an gníomhaire toghcháin ar an eolas má tá duine nó comhlacht, a meastar an Coimisiún um Chaighdeáin é/í a bheith i bpáirt

le hiarrthóir, bainteach le hiarrthóir, nó faoi thionchar nó rialú iarrthóra, ag tabhú costas i dtoghchán na hEorpa

d'fhonn an t-iarrthóir a chur chun tosaigh nó d'fhonn cur i gcoinne iarrthóra eile i dtoghchán na hEorpa, go measfar na costais sin mar chuid de chostais toghcháin an chéad iarrthóra agus ní mór do ghníomhaire toghcháin an iarrthóra sin cuntas a thabhairt orthu laistigh de theorainn caiteachais an iarrthóra (.i. an chuid sin den teorainn atá coinnithe ag an iarrthóir). Má thugtar leis an gcaiteachas sin caiteachas ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra os cionn na teorann iomchuí, beidh cion déanta. Tá sé tábhachtach, mar sin, go mbíonn gníomhairí toghcháin ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí grúpaí nó pearsan aonair i gcás go bhfuil caiteachas á thabhú sa mhéid gur féidir caiteachas dá leithéid a mheas ar deireadh mar chaiteachas arna thabhú thar ceann iarrthóra. Is ceart an Coimisiún um Chaighdeáin a chur ar an eolas láithreach faoi ghníomhaíochtaí duine nó comhlachta dá leithéid.

Caiteachas arna thabhú i ndáil le reifreann

2.34 I gcás go dtionólfar an reifreann beartaithe ar shaoránacht na hÉireann ag an am céanna is a thionólfar an toghchán Eorpach, is ceart go dtabharfadh gníomhairí toghcháin dá n-aire i gcás go luaitear in ábhar a bhaineann leis an reifreann iarrthóireacht duine sa toghchán Eorpach, go measfar sin mar ábhar a chuireann an t-iarrthóir chun tosaigh. Má úsáidtear ábhar dá leithéid le linn na tréimhse toghcháin, measfar an costas iomchuí mar chostas toghcháin arna thabhú thar ceann an iarrthóra nach mór a údarú ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra agus nach mór dó/di cuntas a thabhairt orthu. Tá feidhm aige seo freisin le hábhar a scaipeann iarrthóir, a scaiptear thar a c(h)eann, nó a scaipeann duine nó comhlacht a meastar é/í a bheith bainteach le hiarrthóir, ina dtagraítear d'fheachtas toghcháin Eorpaigh iarrthóra eile.

G. Cad is costais toghcháin?

2.35 Faoin reachtaíocht foráiltear gurb é atá i gcostais toghcháin na costais sin

agus na costais sin amháin, arna leagan amach sa sainiú ar chostais toghcháin in Aguisín 1, a dhéantar a thabhú sa soláthar maoine, earraí nó seirbhíse le húsáid i dtoghchán na hEorpa le linn na tréimhse toghcháin chun:

(i) leasanna páirtí polaitíochta nó toghadh iarrthóra a chur chun tosaigh nó cur i gcoinne na leasanna nó an tofa sin, nó

(ii) polasaithe páirtí polaitíochta nó ráitis pháirtí polaitíochta i dtaobh pholasaithe páirtí polaitíochta eile nó iarrthóra sa toghchán a chur i láthair, nó

(iii) vótaí a lorg i bhfabhar nó i gcoinne iarrthóra, nó

(iv) polasaithe iarrthóra nó tuairimí iarrthóra i dtaobh aon ghnó a bhaineann leis an toghchán nó ráitis iarrthóra ar pholasaithe páirtí polaitíochta nó iarrthóra eile i dtoghchán na hEorpa a chur i láthair, nó

(v) tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin ar aon slí eile.

2.36 Is ceart go dtabharfadh gníomhairí toghcháin dá n-aire gurb é atá i soláthairtí maoine, earraí nó seirbhísí a sholáthraítear saor in aisce nó faoi bhun costais ná costais toghcháin freisin, chomh maith le bheith ina síntiúis don iarrthóir, nach mór a údarú ag an ngníomhaire toghcháin nó ag an ngníomhaire náisiúnta, agus ní mór cuntas a thabhairt orthu mar chaiteachas toghcháin ag an ngníomhaire iomchuí ar a bpraghas tráchtála. Sampla, b'fhéidir, is ea i gcás go dtoilíonn clódóir litríocht toghcháin a sholáthar gan táille, a chosnódh €1,500.00 de ghnáth. Ní mór an soláthar ábhair sin a údarú agus a chur i gcuntas ar a phraghas tráchtála lúide aon liúntas a d'fhéadfadh a bheith ar fáil.

2.37 Tá samplaí de roinnt de na hítimí is coitianta ar tugadh cuntas orthu mar chostais toghcháin in olltoghchán na Dála 2002 leagtha amach in

Aguisín 3.

Costais toghcháin a íoctar as cistí poiblí

2.38 Ag éirí as an mbreithiúnas i gcás Dheasúin Uí Cheallaigh a tugadh san Ard-Chúirt ar an 16 Bealtaine 2002, agus a dearbhaíodh ina dhiaidh sin sa Chúirt Uachtarach ar an 29 Samhain 2002, i gcás go n-úsáidtear maoin, seirbhísí nó saoráidí chun críocha toghcháin le linn na tréimhse toghcháin agus go n-íoctar na costais as cistí poiblí, ní mór na cuntais sin a mhíniú mar chostais toghcháin. Ní mór úsáid an ábhair a údarú ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra. Is faoin ngníomhaire toghcháin iomchuí agus faoin iarrthóir, i gcomhairliúchán le soláthraí na maoine, na seirbhísí nó na saoráidí, atá sé luach na húsáide chun críocha toghcháin a chinneadh agus cuntas a thabhairt air sin sa Ráiteas Costas Toghcháin.

2.39 Tuigeann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhféadfadh sé i gcás iarrthóirí sa toghchán Eorpach atá ina n-ionadaithe poiblí cheana féin, mar chomhaltaí de Pharlaimint na hEorpa, chomhaltaí de Thithe an Oireachtais nó chomhaltaí d'údaráis áitiúla, go gceanglófaí orthu le linn na tréimhse toghcháin cumarsáid a dhéanamh le toghthóirí ar nithe a bhaineann lena ról mar ionadaithe poiblí. Is gá maidir leis sin idirdhealú a dhéanamh idir úsáid maoine, seirbhísí nó saoráidí, le linn gnáthobair toghlaigh a dhéanamh, i gcás go n-íoctar na costais as cistí poiblí, agus úsáid an ábhair sin chun críocha toghchánaíochta.

2.40 Is é mar atá ná má úsáideann iarrthóir, le linn na tréimhse toghcháin, maoin, seirbhísí nó saoráidí, i gcás go n-íoctar na costais as cistí poiblí, chun críocha ábhar gan iarraidh a sheoladh chuig aon duine den toghlacht sa toghlach, measfar na costais mar chostais chun críocha toghchánaíochta agus, mar sin, ní mór cuntas a thabhairt orthu mar chaiteachas toghcháin. Bheadh feidhm aige sin freisin le hábhar gan iarraidh arna eisiúint ag ionadaithe tofa, seachas an t-iarrthóir, i gcás go gcuireann an t-ábhar iarrthóir sa toghchán Eorpach chun tosaigh nó go gcuireann sé i gcoinne iarrthóra sa toghchán Eorpach nó go dtarraingítear aird ar bhealach eile ar a (h)iarrthóireacht.

H. Cad nach costais toghcháin?

2.41 I measc na n-ítimí nach costais toghcháin áirítear:

(i) an costas a ghabhann le cóipeanna den chlár toghthóirí a cheannach;

(ii) costais mhaireachtála réasúnacha (lena n-áirítear cóiríocht) iarrthóra agus oibrithe deonacha ag obair thar a c(h)eann. Faoin gceannteideal seo, i dteannta leis na costais chóiríochta, ceadaítear caiteachas suas le €50 **in aghaidh an duine in aghaidh an lae** ar bhia agus dheoch, srl. Agus ní gá cuntas a thabhairt air. Bítear ag súil go ndéanfaidh gníomhairí toghcháin rialú réasúnach ar an gcaiteachas sin agus go nglacfaidh siad céimeanna chun a chinntiú go bhfuil rannpháirtithe ar an eolas faoi seo;

(iii) aon suim a eisíocann aon duine aonair as acmhainní an duine sin le haghaidh aon mhionchostas (nach mó ná €126.97 in aon íocaíocht amháin) a thabhaítear go dlíthiúil i ndáil le toghchán na hEorpa mura ndéantar an tsuim réamhráite a aisíoc leis an duine. Féach paragraf 2.43 thíos le haghaidh tuilleadh mínithe air seo;

(iv) costais toghcháin arna dtabhú i dtoghchán Dála, Pharlaimint na hEorpa nó áitiúil roimhe a nochtadh i Ráiteas Costas Toghcháin a cuireadh ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin nó d'údarás áitiúil. Féach paragraif 2.41 go 2.44 thíos le haghaidh tuilleadh eolais bainteach leis seo;

(v) seirbhís saorphoist arna soláthar ag An Post do iarrthóirí faoi riail 22 den Dara Sceidil do Acht Toghcháin Pharlaimint na hEorpa, 1997;

(vi) seirbhís shaor in aisce arna soláthar ag pearsa aonair, lena n-áirítear úsáid a bhaint as mótarfheithicil, teileafón, srl., de chuid na pearsan aonair, i gcás nach bhfuil an tseirbhís á soláthar mar chuid d'obair nó de ghnó na pearsan aonair;

(vii) seirbhís arna soláthar i dtoghchán na hEorpa ag fostaí de chuid páirtí polaitíochta, lena n-áirítear úsáid a bhaint as mótarfheithicil de chuid na pearsan aonair, i gcás go n-íoctar luach saothair an fhostaí as acmhainní an pháirtí nó as cistí poiblí agus i gcás nach bhfuil an fostaí ag fáil aon chúitimh nó sochar comhchineáil seachas a g(h)náthluach saothair (lena n-áirítear forchúiteamh costas) don tseirbhís sin. I gcás go ndéantar íocaíochtaí ragoibre de ghnáth le fostaí de chuid páirtí polaitíochta as uaireanta oibre breise a dhéanamh, meastar sin mar "gnáthluach saothair" agus ní mheastar mar chostas toghcháin é;

(viii) gnáthchlúdach na meán agus **tarchur** craolacháin ar raidió nó teilifís thar ceann iarrthóra nó páirtí polaitíochta. Ní chlúdaíonn sé seo costais táirgeachta, nó eile, a ghabhann le tarchur ar raidió nó teilifís;

(ix) seirbhísí cuntasóra, nó duine eile, (cibé acu íoctha nó neamhíoctha) a fhostaítear chun na **sainchríche** go gcomhlíontar ceanglais na reachtaíochta;

(x) úsáid oifigí atá faoi úinéireacht páirtí polaitíochta agus a chuirtear ar fáil d'iarrthóir le húsáid i dtoghchán. Ní gá costas cíosa barúlach a chur i leith úsáid na n-oifigí sin. **Is costais toghcháin** iad costais teasa, solais, teileafón, srl., a thabhaítear chun críocha toghcháin sna hoifigí sin le linn na tréimhse toghcháin.

2.42 Tá samplaí de na hítimí is coitianta **nach** costais toghcháin agus ar

tugadh cuntas orthu mar chostais toghcháin in olltoghchán na Dála 2002 leagtha amach in Aguisín 4.

Mionchostais

2.43 Maidir le paragraf 2.41(iii) thuas, is ceart a thabhairt d'aire nach féidir ach le gníomhaire toghcháin iarrthóra, gníomhaire náisiúnta páirtí polaitíochta, nó duine arna (h)údarú chun costais toghcháin a thabhú ag ceachtar gníomhaire, costais a thabhú nó íocaíochtaí a dhéanamh **go dlíthiúil** i dtoghchán i ndáil le hiarrthóir. Dá réir sin, tá cion á dhéanamh ag aon duine eile a thabhaíonn costais nó a dhéanann íocaíochtaí i dtoghchán na hEorpa thar ceann iarrthóra. Ní mór do ghníomhairí toghcháin iarrthóirí agus do ghníomhairí náisiúnta páirtithe polaitíochta taifead a choinneáil ar aon suim arna heisíoc ag pearsa aonair de bhun pharagraf 2.41(iii) thuas, i gcás nach bhfuil i gceist an costas a áireamh mar chostas toghcháin sa Ráiteas Costas Toghcháin atá le cur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le taifead ar gach "mionchostas" dá leithéid a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin. **Ní dhéanfar aon mhionchostais dá leithéidí a áireamh sa ríomhaireacht ar iomlán na gcostas toghcháin a tabhaíodh.**

2.44 Teastaíonn taifead ar mhionchostais d'fhonn déileáil le haon cheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun solais maidir le cén fáth nach bhfuil costais i leith ítimí áirithe a úsáideadh le linn na tréimhse toghcháin taispeáinte mar chostas toghcháin sa Ráiteas Costas Toghcháin.

Ábhar toghcháin a athúsáid

2.45 Ní gá cuntas a thabhairt ar ábhar toghchánaíochta a fuarthas roimh an 1 Eanáir 1998 agus a úsáidtear i dtoghchán na hEorpa. D'fhéadfadh sé go n-iarrfadh an Coimisiún um Chaighdeáin cruthúnas den fháil sin roimh

an dáta sin.

2.46 Ní gá cuntas a thabhairt ar chostais arís má tá cuntas tugtha cheana féin ar chostais a thabhaítear ar ábhar a úsáidtear i dtoghchán na hEorpa i Ráiteas Costas Toghcháin a cuireadh ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin i ndáil le toghchán Dála nó na hEorpa roimhe nó d'údarás áitiúil i ndáil le toghchán áitiúil. Níl feidhm aige seo le hábhar a úsáidtear i ndáil le reifreann.

2.47 Is gá cuntas a thabhairt ar ábhar úsáidte, nó athúsáidte, i dtoghchán na hEorpa a fuarthas i ndiaidh an **1 Eanáir 1998** i gcás **nach bhfuil an costas áirithe cheana féin i Ráiteas Costas Toghcháin** a cuireadh ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin nó d'údarás áitiúil. Tá an Coimisiún um Chaighdeáin den tuairim go bhféadfadh sé nach bhfuil sé réasúnach luachanna reatha a fheidhmiú le "seanábhar" agus gur ceart an fhéidearthacht nach raibh an t-ábhar ina riocht bunaidh a aithint.

2.48 **Má tá sé i gceist ag iarrthóir úsáid, nó athúsáid, a bhaint as ábhar toghchánaíochta nach bhfuil cuntas tugtha ina leith ar a chostas iomlán, is ceart dá g(h)níomhaire toghcháin teagmháil a dhéanamh le Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin chun a fháil amach cé na costais (más ann) is ceart a chur i leith úsáid an ábhair sin.**

Costais arna dtabhú d'fhonn iarrthóireacht duine i dtoghchán na hEorpa a éascú

2.49 D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le costais áirithe a thabhú thar ceann an iarrthóra d'fhonn a p(h)áirtíocht i phróiseas toghcháin na hEorpa nó tuiscint ar an reachtaíocht iomchuí a éascú. **Ní** mheasann an Coimisiún um Chaighdeáin na costais sin mar chuid de chaiteachas toghcháin na hEorpa iarrthóra nó páirtí polaitíochta. Tá an liosta thíos táscach den rud a shamhlaítear maidir leis seo:

i) costais bhreise chúraim leanaí;

ii) costas athsholáthairtí oibre;

iii) cead neamhláithreachta le pá;

iv) ús iasachta agus táillí bainc;

v) costais a ghabhann le cruinnithe arna dtionól chun rannpháirtithe sa toghchán a chur ar an eolas faoi cheanglais na reachtaíochta toghcháin (e.g. cíos seomraí, doiciméid, bia agus deoch, taisteal);

vi) costais bharúlacha cíosa láithreáin ina gcuirtear póstaeir nó ábhar eile in airde/ar taispeáint nó timpeall ar mhaoine príobháideacha nó áitreabh tráchtála nach n-aithnítear mar láithreáin chun na críche sin.

I. Íoc sonrasc le soláthraithe

2.50 Ní mór éilimh ar íocaíocht costas toghcháin, ó sholáthraithe, a fháil ag gníomhaire toghcháin laistigh de 45 lá i ndiaidh lá na vótála (.i. faoin 26 Iúil 2004 i gcás thoghchán na hEorpa). **Ní féidir leis an ngníomhaire toghcháin éilimh a fhaightear i ndiaidh an dáta sin a íoc.** Is cion é íocaíocht a dhéanamh má fhaightear an t-éileamh tar éis na 45 lá. Déantar socrú ina thaobh sin go sainiúil sa reachtaíocht. Chun díospóidí a sheachaint, tá sé an-tábhachtach go gcuirfeadh gníomhairí a soláthraithe ar an eolas faoin gceanglas seo le linn dóibh orduithe le haghaidh maoine, earraí nó seirbhísí a chur isteach. Cé nach féidir na héilimh sin a íoc, meastar mar chostais toghcháin fós iad agus ní mór cuntas a thabhairt orthu sa Ráiteas Costas Toghcháin a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

J. Ráiteas Costas Toghcháin a chur ar fáil i ndiaidh toghcháin na hEorpa

2.51 Go gairid i ndiaidh toghcháin na hEorpa, seolfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig gníomhairí toghcháin **foirm an Ráitis Costas Toghcháin/Dearbhaithe Reachtúil**. Ar an bhfoirm sin, ní mór don ghníomhaire toghcháin sonraí a nochtadh don Choimisiún um Chaighdeáin faoi gach costas arna thabhú agus íocaíocht arna déanamh ag an ngníomhaire, nó thar a c(h)eann, i ndáil leis an iarrthóir i dtoghchán na hEorpa. Beidh foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ar fáil chun comhairle a thabhairt do ghníomhairí toghcháin chun cabhrú leo an fhoirm a chomhlánú. Ní mór an fhoirm chomhlánaithe a fháil ag an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh de 56 lá i ndiaidh lá na vótála, is é sin an **6 Lúnasa 2004** i gcás thoghchán na hEorpa.

2.52 Ní mór na nithe seo a leanas a áireamh i Ráiteas Costas Toghcháin an ghníomhaire toghcháin:

i) sonraí faoi gach costas arna thabhú agus íocaíocht arna déanamh ag an ngníomhaire toghcháin agus a d(h)aoine údaraithe, lena n-áirítear soláthairtí maoine, earraí nó seirbhísí saor in aisce nó faoi bhun costais;

ii) sonraí faoi dhaoine údaraithe (lena bhféadfaí an t-iarrthóir, gníomhaire toghcháin comhiarrthóra, nó iarrthóir toghcháin áitiúil a áireamh);

iii) sonraí faoi mhéid teorainn caiteachais an iarrthóra a shann an

t-iarrthóir dá p(h)áirtí polaitíochta. Mar a luaitear i bparagraf 2.18 ní mór don ghníomhaire toghcháin cóip de chomhaontú scríofa idir an t-iarrthóir agus an páirtí polaitíochta a chur ar fáil lena Ráiteas Costas Toghcháin;

iv) sonraí faoi aon éilimh dhíospóidithe ar íocaíocht;

v) faisnéis a bhaineann le héilimh dhéanacha ar íocaíocht (.i. éilimh arna bhfáil níos mó ná 45 lá i ndiaidh lá na vótála .i. 26 Iúil 2004);

Tá foirm shamplach de Ráiteas Costas Toghcháin le fáil in Aguisín 5.

NÓTA: D'fhéadfadh sé go mbeadh gá freisin le sonraí faoi mhionchostais arna dtabhú go dleathach, nach mó ná €126.97 in aon íocaíocht amháin. (Ní mór costais dá leithéidí a thaifeadadh ach ní áireofar iad i ríomh iomlán na gcostas toghcháin tabhaithe.)

2.53 Ní mór sonraisc, admhálacha nó dearbháin le haghaidh gach íocaíochta costais toghcháin de bhreis ar **€126.97** a áireamh leis an Ráiteas Costas Toghcháin. Tá an ceart ag an gCoimisiún um Chaighdeáin aon sonrasc, admháil nó dearbhán a iarraidh i gcás ítime caiteachais de luach nach mó ná €126.97 a fheictear i Ráiteas Costas Toghcháin.

2.54 Is féidir miondearmaid nó mionearráidí a aimsíonn an Coimisiún um Chaighdeáin i Ráiteas Costas Toghcháin a cheartú laistigh de 14 lá.

2.55 Cuirfidh an Coimisiún um Chaighdeáin na foirmeacha Ráitis Costas Toghcháin agus Dearbhaithe Reachtúil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais agus cuirfear ar fáil don phobal le haghaidh iniúchta agus cóipeála iad. Déanfar sonraí achoimre den chaiteachas arna thabhú a áireamh i dtuarascáil do Chathaoirleach Dháil Éireann agus a fhoilsiú ar

láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin.

K. Iarmhairtí róchaiteachais ag gníomhaire toghcháin

2.56 Tá roinnt iarmhairtí ann a éiríonn as róchaiteachas ag gníomhaire toghcháin i dtoghchán na hEorpa, mar a leanas:

(i) is cion é, ar féidir fíneáil suas le €1,269.74 a tharraingt mar thoradh air;
(ii) féadfaidh duine achainí a dhéanamh leis an Ard-Chúirt chun toradh toghcháin a chur ar ceal;
(iii) déantar róchaiteachas gníomhaire toghcháin a bhaint as aisíocaíocht an iarrthóra.

L. Cionta agus Pionóis infheidhme le gníomhairí toghcháin i dtoghchán na hEorpa

2.57 Má thabhaíonn duine caiteachas nó má dhéanann sé nó sí íocaíocht, gan a bheith údaraithe déanamh amhlaidh, i ndáil leis an toghchán, féadfar fíneáil suas le €1,269.74 a ghearradh air nó uirthi, ar a c(h)iontú.

2.58 Is fíneáil suas le €1,269.74 an pionós má fhaightear gníomhaire toghcháin ciontach i sárú na teorann caiteachais.

2.59 Féadfar fíneáil suas le €1,269.74 a bheith mar thoradh ar éilimh a íoc a fhaightear níos mó ná 45 lá i ndiaidh lá na vótála.

2.60 Mura ndéantar na fiosruithe sin agus mura gcoinnítear na taifid sin atá riachtanach d'fhonn Ráiteas Costas Toghcháin a chur ar fáil agus

Dearbhú Reachtúil a dhéanamh féadfar fíneáil suas le €1,269.74 a tharraingt.

2.61 Mura gcuirtear Ráiteas Costas Toghcháin agus Dearbhú Reachtúil ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin sprioc ama reachtúil féadfar fíneáil suas le €1,269.74 agus fíneáil leanúnach de €126.97 in aghaidh an lae, i ndiaidh ciontaithe, ar a mbíonn an Ráiteas agus Dearbhú amuigh fós, a tharraingt.

2.62 Má chuirtear i gcomhfhios Ráiteas Costas Toghcháin atá falsa nó míthreorach ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin féadfar fíneáil suas le €25,394.76 agus/nó trí bliana príosúnachta a tharraingt.

2.63 Mura gcuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, laistigh de 7 lá ó dháta an ordaithe, cóip d'ordú cúirte le haghaidh íoc éilimh dhíospóidithe féadfar fíneáil suas le
€1,269.74 a tharraingt.

Caibidil 3

Gníomhairí Náisiúnta

Gníomhairí Náisiúnta

Is iad na príomhcheisteanna ar ceart go mbeadh gníomhairí náisiúnta páirtithe

polaitíochta ag a bhfuil iarrthóirí san iomaíocht i dtoghchán na hEorpa ar an eolas fúthu d'fhonn comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta a chinntiú ná:

(A) Ceapadh gníomhaire náisiúnta
(B) Sannadh ag iarrthóirí do pháirtí polaitíochta
(C) Caiteachas ag an ngníomhaire náisiúnta
(D) Feasacht ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ag tabhú caiteachais thar ceann páirtí polaitíochta gan a bheith údaraithe déanamh amhlaidh
(E) "An Tréimhse Toghcháin" - Dátaí a bhfuil feidhm ag an teorainn caiteachais eatarthu
(F) Cad is costais toghcháin?
(G) Cad nach costais toghcháin?
(H) Íoc sonrasc le soláthraithe
(I) Ráiteas Costas Toghcháin a chur ar fáil i ndiaidh i dtoghcháin na hEorpa
(J) Iarmhairtí róchaiteachais ag an ngníomhaire náisiúnta
(K) Cionta agus pionóis infheidhme le gníomhaire náisiúnta i dtoghchán na hEorpa

A. Ceapadh gníomhaire náisiúnta

3.1 Ní mór do gach páirtí polaitíochta a bhfuil iarrthóir amháin nó níos mó san iomaíocht i dtoghchán na hEorpa aige gníomhaire toghcháin a cheapadh. Caithfidh oifig nó ionad sa Stát a bheith ag an ngníomhaire toghcháin ar féidir éilimh, fógraí, eascairí, toghairmeacha agus doiciméid eile a sheoladh chuige.

3.2 Tráth nach déanaí ná an lá deireanach ar a nglactar le hainmniúcháin i dtoghchán na hEorpa ní mór don pháirtí polaitíochta ainm an ghníomhaire náisiúnta agus seoladh oifig an ghníomhaire a chur in iúl, i scríbhinn, don Choimisiún um Chaighdeáin. Mura gcuireann páirtí polaitíochta ainm an ghníomhaire náisiúnta in iúl don Choimisiún um

Chaighdeáin faoin tráth sin, measfar gurb é/í "an tOifigeach Cuí" (mar atá sainithe sa reachtaíocht) an gníomhaire náisiúnta. Mura bhfuil oifigeach cuí ceaptha, measfar gurb é ceannaire an pháirtí an gníomhaire náisiúnta.

3.3 Foilseoidh an Coimisiún um Chaighdeáin san *Iris Oifigiúil* ainmneacha na ngníomhairí náisiúnta atá ceaptha nó a meastar iad a bheith ceaptha.

3.4 Féadfaidh páirtí polaitíochta, ag aon tráth, ceapachán gníomhaire náisiúnta a chúlghairm agus gníomhaire náisiúnta eile a cheapadh ina (h)áit. I gcás go dtarlaíonn sé sin, ní mór sonraí faoin ngníomhaire náisiúnta nua a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin.

B. Sannadh ag iarrthóirí do pháirtí polaitíochta

3.5 I gcás go bhfuil iarrthóir san iomaíocht i dtoghchán na hEorpa thar ceann páirtí polaitíochta, féadfaidh sé nó sí cuid dá t(h)eorainn caiteachais reachtúil (féach paragraf 3.14) a shannadh don pháirtí le haghaidh caiteachais i dtoghchán na hEorpa ag an ngníomhaire náisiúnta.

3.6 Níl aon oibleagáid ar iarrthóir faoin reachtaíocht aon chuid dá t(h)eorainn caiteachais a shannadh don pháirtí. Dá ndiúltódh gach iarrthóir páirtí i dtoghchán na hEorpa aon pháirt dá dteorainn caiteachais a shannadh don pháirtí, ní bheadh cead ag an ngníomhaire toghcháin aon chaiteachas a thabhú i dtoghchán na hEorpa, seachas mar dhuine a n-údaraítear dó/di déanamh amhlaidh ag gníomhaire toghcháin iarrthóra. Is dócha, áfach, go dtiocfaidh na páirtithe ar shocrú éigin le hiarrthóirí ina leith sin. Is é an t-aon chaiteachas ag páirtí a cheadaítear ná suim na méideanna atá sannta don pháirtí ag a iarrthóirí laistigh de theorainn aonair na n-iarrthóirí.

Sampla: Dá mbeadh deichniúr iarrthóirí ag páirtí ar shann gach duine díobh €50,000 don pháirtí óna dteorainn caiteachais aonair, bheadh gníomhaire náisiúnta an pháirtí i dteideal €500,000 san iomlán a chaitheamh i dtoghchán na hEorpa. Mar thoradh, bheadh méid na teorann ar fáil le caitheamh ag gníomhaire toghcháin gach iarrthóra laghdaithe ag €50,000.

3.7 Ní dhéantar socrú sainiúil sa reachtaíocht maidir le cathain is ceart an sannadh comhaontaithe a dhéanamh don pháirtí. Ar an dul céanna, ní choisceann an reachtaíocht athchaibidlíocht a dhéanamh ar an sannadh comhaontaithe. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin go láidir do ghníomhairí náisiúnta a chinntiú go gcomhaontaítear an sannadh le gach iarrthóir sula ndéantar aon chostais a thabhú ag an ngníomhaire náisiúnta nó ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra.

3.8 Ceanglaítear faoin reachtaíocht nach mór an sannadh don pháirtí a chomhaontú **i scríbhinn**. Is ceart, mar sin, go luafaí go soiléir sa chomhaontú scríofa an méid arna shannadh don pháirtí. Is ceart go mbeadh sé sínithe ag an iarrthóir agus ag oifigeach páirtí cuí. I gcás go ndéantar athchaibidlíocht ar shanntaí, ní mór comhaontú scríofa nua a dhréachtú.

3.9 Ní mór don iarrthóir cóip den chomhaontú scríofa a thabhairt dá g(h)níomhaire toghcháin chun é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin le Ráiteas Costas Toghcháin an ghníomhaire toghcháin. Ní cheanglófar ar ghníomhairí náisiúnta cóipeanna de na comhaontuithe scríofa a chur ar fáil lena Ráitis Chostas Toghcháin. Is ceart, áfach, go gcoinneodh gníomhairí náisiúnta cóipeanna de na comhaontuithe scríofa.

C. Caiteachas ag an ngníomhaire náisiúnta

3.10 Is é an gníomhaire náisiúnta an t-aon duine is féidir caiteachas a thabhú

nó íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann an pháirtí as an teorainn caiteachais arna sannadh don pháirtí ag a iarrthóirí. Is ceart a thuiscint nach gceadaítear aon chaiteachas ar leithligh nó breise ar iarrthóir ar leibhéal pearsan aonair ag páirtí polaitíochta os cionn na dteorainneacha. I gcás go bhfuil costais tabhaithe ag páirtí polaitíochta nó thar a cheann roimh cheapadh gníomhaire náisiúnta, ní mór don pháirtí sonraí faoi gach costas dá leithéid, in éineacht leis na dearbháin iomchuí, a chur ar fáil don ghníomhaire náisiúnta.

3.11 Féadfaidh an gníomhaire náisiúnta daoine eile a údarú chun caiteachas a thabhú nó íocaíochtaí a dhéanamh laistigh de shainteorainneacha leagtha síos ag an ngníomhaire náisiúnta. Ní mór don ghníomhaire náisiúnta cuntas a thabhairt ar chaiteachas ag gach duine údaraithe dá leithéidí.

3.12 Féadfaidh caiteachas ag an ngníomhaire náisiúnta as an méid arna shannadh don pháirtí ag a iarrthóirí a bheith **ar iarrthóir nó ar leibhéal náisiúnta**.

3.13 Is é atá i gcaiteachas ar iarrthóir ná caiteachas a shainaithníonn agus a chuireann chun tosaigh iarrthóir(í) i dtoghlach. Folaíonn sé sin ‘foireann’ an pháirtí i dtoghlach
(.i. iarrthóir agus comhiarrthóir(í)).

3.14 Féadfaidh an gníomhaire náisiúnta suas le **100%** de theorainn caiteachais gach iarrthóra a chaitheamh, má shannann an t-iarrthóir an méid sin don pháirtí. Má chinneann an gníomhaire náisiúnta ar chaiteachas a thabhú ar iarrthóir, ní mór cúram mór a dhéanamh chun a chinntiú nach mó an caiteachas iomlán ar an iarrthóir ag a g(h)níomhaire toghcháin agus ag an ngníomhaire náisiúnta ná an teorainn reachtúil don iarrthóir sin
[.i. €230,000 sa toghlach].

3.15 Ní féidir leis an ngníomhaire náisiúnta caiteachas a thabhú nó íocaíochtaí a dhéanamh as méid na teorann caiteachais arna choinneáil ag an iarrthóir **mura** ndéantar an gníomhaire náisiúnta a údarú chun déanamh amhlaidh ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra. Sa chás sin, bheadh an gníomhaire náisiúnta ina d(h)uine údaraithe den ghníomhaire náisiúnta agus níor mhór don ghníomhaire toghcháin cuntas a thabhairt ar aon chaiteachas dá leithéid.

3.16 Ní féidir aon chuid de theorainn caiteachais iarrthóra a aistriú ó iarrthóir amháin go hiarrthóir eile i dtoghlach.

3.17 Is é atá i gcaiteachas náisiúnta ná caiteachas atá, de réir a ábhair agus a fhairsinge geografaí, dírithe go soiléir ar vótaí a mhealladh sa tír ina hiomláine. Níl sé bainteach go díreach le hiarrthóir, nó roinnt iarrthóirí, i dtoghlach a chur chun tosaigh. Is ceart an tagairt a bheith don pháirtí, dá cheannaireacht, dá pholasaithe nó do shaincheisteanna toghchánaíochta i gcomhthéacs náisiúnta. Is ceart go mbeadh sé leata go réasúnta cothrom ar fud na tíre ag féachaint dá mhéid atá meáin fhógraíochta ar fáil. Déantar an caiteachas sin de ghnáth ar ítimí mar fhorógra an pháirtí, craolacháin pháirtí polaitíochta, turais ag ceannaire an pháirtí, srl.

D. Feasacht ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith ag tabhú caiteachais thar ceann páirtí polaitíochta gan a bheith údaraithe déanamh amhlaidh

3.18 Mar a luaitear i bparagraf 3.10 thuas, is é an gníomhaire náisiúnta an t-aon duine is féidir caiteachas a thabhú nó íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann páirtí polaitíochta i dtoghchán na hEorpa. Is ceart go mbeadh gníomhairí náisiúnta ar an eolas má tá duine nó comhlacht ag tabhú costas i dtoghchán na hEorpa chun an páirtí nó a iarrthóirí a chur chun tosaigh go measfar na costais sin mar chaiteachas arna thabhú ag an

bpáirtí polaitíochta, má mheasann an Coimisiún um Chaighdeáin go raibh an duine nó comhlacht:

- bunaithe ag páirtí polaitíochta, nó thar a cheann, chun críocha costais toghcháin a thabhú;
- ina c(h)omhalta, nó ina c(h)raobh nó ina f(h)o-eagraíocht, de pháirtí; nó
- i bpáirt le páirtí polaitíochta, bainteach leis, nó faoi thionchar nó rialú aige.

In imthosca dá leithéidí ní mór don ghníomhaire náisiúnta cuntas a thabhairt ar na costais a thabhaítear laistigh dá t(h)eorainn caiteachais. Má thugann caiteachas dá leithéid caiteachas ag an bpáirtí os cionn na teorann iomchuí, beidh cion déanta. Tá sé tábhachtach, mar sin, go mbíonn gníomhairí náisiúnta ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí grúpaí nó pearsan aonair atá ag tabhú caiteachais, sa mhéid gur féidir caiteachas dá leithéid a mheas ina chaiteachas arna thabhú thar ceann an pháirtí. Is ceart go gcuirfí gníomhaíochtaí aon duine nó chomhlachta dá leithéid in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin láithreach.

3.19 Ní féidir le heagraíocht páirtí áitiúil (e.g. toghlach nó craobh) caiteachas a thabhú nó íocaíocht a dhéanamh i ndáil le feachtas toghchánaíochta an pháirtí do Pharlaimint na hEorpa, e.g. billí a íoc, gan údarás an ghníomhaire náisiúnta.

3.20 Measfar comhlachtaí, mar cheardchumainn nó grúpaí leasa, atá **ceangailte** le páirtí polaitíochta a bheith bainteach nó i bpáirt leis an bpáirtí polaitíochta sin. Mar shíneadh air sin, measfar go bhfuil na comhlachtaí sin bainteach nó i bpáirt le hiarrthóir páirtí polaitíochta chun críocha costas toghcháin arna dtabhú thar ceann an iarrthóra sin i dtoghchán na hEorpa. Má údaraíonn gníomhaire toghcháin an iarrthóra caiteachas dá leithéid ní mór don ghníomhaire sin cuntas a thabhairt air. Ar chuma eile, is ceart don ghníomhaire náisiúnta cuntas a thabhairt air.

3.21 Ní féidir fógraí nó fógráin a chur i nuachtáin ina gcuirtear leasanna páirtí chun tosaigh nó ina gcuirtear i gcoinne leasanna páirtí ach sa chás go n-iarrtar é sin ag an iarrthóir, ag gníomhaire toghcháin, ag gníomhaire náisiúnta nó ag duine údaraithe i scríbhinn ag an iarrthóir nó ag ceachtar gníomhaire. Féadfaidh "tríú páirtithe" agus "pearsana eile" fógrán nuachtáin a eagrú má sholáthraíonn siad don fhoilsitheoir deimhniú ón gCoimisiún um Chaighdeáin ina ndearbhaítear go bhfuil a n-oibleagáidí dlíthiúla a dtugtar achoimre orthu i bparagraf 4.18 thíos comhlíonta acu. Cuirfidh an Coimisiún um Chaighdeáin eagarthóirí/foilsitheoirí ar an eolas faoi cheanglais na reachtaíochta maidir leis sin. [Tá feidhm ag na forálacha iomchuí le hirisí agus le tréimhseacháin eile freisin.]

3.22 Is ceart go gcuirfeadh gníomhairí náisiúnta in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin má thagann siad ar an eolas go bhfuil tríú páirtithe nó pearsana eile ag tabhú caiteachas toghcháin a chuireann páirtí polaitíochta nó iarrthóir chun tosaigh nó a chuireann i gcoinne páirtí polaitíochta nó iarrthóra. (Féach Caibidil 4 maidir le tríú páirtithe agus pearsana eile.)

Caiteachas ag Iarrthóirí Toghcháin Áitiúil

3.23 Sa mhéid go ndéanfar toghcháin áitiúla 2004 a thionól ar an lá céanna is a thionólfar toghcháin na hEorpa, tá an fhéidearthacht ann go dtagrófar in ábhar poiblíochta toghcháin áitiúil d'fheachtas toghchánaíochta an pháirtí do Pharlaimint na hEorpa nó
d'iarrthóirí an pháirtí i dtoghchán na hEorpa. Measfar sin mar leasanna páirtí polaitíochta nó iarrthóra/iarrthóirí a chur chun tosaigh i dtoghchán na hEorpa agus freisin mar chaiteachas arna thabhú thar ceann an pháirtí nó an iarrthóra nó na n-iarrthóirí iomchuí i dtoghchán na hEorpa.

3.24 Caithfidh craobh áitiúil de pháirtí polaitíochta, iarrthóir toghcháin áitiúil nó stiúrthóir toghchán, srl., a bhfuil sé i gceist aige/aici tagairt d' fheachtas toghchánaíochta an pháirtí do Pharlaimint na hEorpa a áireamh in ábhar poiblíochta toghcháin áitiúil a bheith údaraithe chun

déanamh amhlaidh ag gníomhaire náisiúnta an pháirtí.

3.25 Caithfidh craobh áitiúil de pháirtí polaitíochta, iarrthóir toghcháin áitiúil nó stiúrthóir toghchán, srl., a bhfuil sé i gceist aige/aici tagairt d'iarrthóir i dtoghchán na hEorpa a áireamh in ábhar poiblíochta toghcháin áitiúil a bheith údaraithe chun déanamh amhlaidh ag gníomhaire toghcháin an iarrthóra nó ag gníomhaire náisiúnta pháirtí polaitíochta an iarrthóra.

3.26 Féadfaidh duine a bheith ciontach i gcion má thabhaíonn sé nó sí caiteachas dá leithéid thar ceann páirtí polaitíochta nó iarrthóra i dtoghchán na hEorpa gan a bheith údaraithe go cuí chun déanmah amhlaidh. Moltar do ghníomhairí náisiúnta a bheith ar an eolas faoi aon chaiteachas neamhúdaraithe dá leithéid atá á thabhú.

3.27 I gcás go dtagraítear d'fheachtas toghchánaíochta páirtí polaitíochta do thoghchán na hEorpa in ábhar poiblíochta toghcháin áitiúil, measfar an cion den chostas atá inchurtha i leith fheachtas thoghchán na hEorpa mar chostas toghcháin arna thabhú ag an bpáirtí i ndáil le toghchán na hEorpa agus ní mór cuntas a thabhairt air sa Ráiteas Costas Toghcháin a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ag an ngníomhaire náisiúnta.

3.28 I gcás go bhfuil iarrthóir i dtoghchán na hEorpa le feiceáil in ábhar poiblíochta toghcháin áitiúil, meastar a mhéid atá an t-iarrthóir i dtoghchán na hEorpa le feiceáil mar chostas toghcháin arna thabhú thar ceann an iarrthóra i dtoghchán na hEorpa agus ní mór cuntas a thabhairt air sa Ráiteas Costas Toghcháin a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ag an ngníomhaire toghcháin nó ag an ngníomhaire náisiúnta a d'údaraigh an costas toghcháin.

Caiteachas arna thabhú i ndáil le reifreann

3.29 I gcás go dtionólfar an reifreann beartaithe ar shaoránacht na hÉireann ag an am céanna is a thionólfar an toghchán Eorpach, is ceart go dtabharfadh gníomhairí náisiúnta dá n-aire i gcás go luaitear in ábhar a bhaineann leis an reifreann go bhfuil aon baint ag páirtí polaitíocht an gníomhaire náisiúnta agus/nó aon ceann dá n-iarrthóirí sa toghchán Eorpach, go measfar sin mar ábhar a chuireann an páirtí agus/nó an t-iarrthóir chun tosaigh. Má úsáidtear ábhar dá leithéid le linn na tréimhse toghcháin, measfar an costas iomchuí mar chostas toghcháin arna thabhú thar ceann an páirtí agus/nó an iarrthóra nach mór a údarú ag gníomhaire náisiúnta an pháirtí nó gníomhaire toghcháin an iarrthóra agus nach mór dó/di cuntas a thabhairt orthu. Tá feidhm aige seo freisin le hábhar a scaipeann páirtí polaitíochta nó iarrthóir, a scaiptear thar a c(h)eann, nó a scaipeann duine nó comhlacht a meastar é/í a bheith bainteach le páirtí polaitíochta, ina dtagraítear d'fheachtas toghcháin Eorpaigh páirtí nó iarrthóra eile.

E. "An Tréimhse Toghcháin" - Dátaí a bhfuil feidhm ag an teorainn caiteachais eatarthu

3.30 Féach paragraif 2.20 go 2.24 de Chaibidil 2 *"Gníomhairí Toghcháin Iarrthóirí"*

F. Cad is costais toghcháin?

3.31 Tá achoimre ar an méid nach mór a mheas le linn cuntas a thabhairt ar chostais toghcháin le fáil i bparagraif 2.35 go 2.40 de Chaibidil 2 *"Gníomhairí Toghcháin Iarrthóirí"* agus sa sainiú ar chostais toghcháin in Aguisín 1.

G. Cad nach costais toghcháin?

3.32 Tá achoimre ar cad nach costais toghcháin le fáil i bparagraif 2.41 go 2.49 de Chaibidil 2 *"Gníomhairí Toghcháin Iarrthóirí"* .

H. Íoc sonrasc le soláthraithe

3.33 Ní mór éilimh ar íocaíocht costas toghcháin, ó sholáthraithe, a fháil ag an ngníomhaire náisiúnta laistigh de 45 lá i ndiaidh lá na vótála (.i. faoin 26 Iúil 2004 i gcás thoghchán na hEorpa). **Ní féidir leis an ngníomhaire éilimh a fhaightear i ndiaidh an dáta sin a íoc.** Is cion é íocaíocht a dhéanamh má fhaightear an t-éileamh tar éis na 45 lá. Déantar socrú ina thaobh sin go sainiúil sa reachtaíocht. Chun díospóidí a sheachaint, tá sé an-tábhachtach go gcuirfeadh gníomhairí a soláthraithe ar an eolas faoin gceanglas seo le linn dóibh orduithe le haghaidh maoine, earraí nó seirbhísí a chur isteach. Cé nach féidir na héilimh sin a íoc, meastar mar chostais toghcháin na hEorpa fós iad agus ní mór cuntas a thabhairt orthu sa Ráiteas Costas Toghcháin a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

I. Ráiteas Costas Toghcháin a chur ar fáil i ndiaidh i dtoghcháin na hEorpa

3.34 Go gairid i ndiaidh i dtoghcháin na hEorpa, seolfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig gníomhairí náisiúnta foirm an Ráitis Costas Toghcháin/Dearbhaithe Reachtúil. Ar an bhfoirm sin, ní mór don ghníomhaire toghcháin sonraí a nochtadh don Choimisiún um Chaighdeáin faoi gach costas arna thabhú agus íocaíocht arna déanamh ag an ngníomhaire, nó thar a c(h)eann, i ndáil le toghchán na hEorpa. Beidh foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ar fáil chun cabhrú le gníomhairí náisiúnta an fhoirm a chomhlánú. Ní mór an

fhoirm chomhlánaithe a fháil ag an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh de 56 lá i ndiaidh lá na vótála, is é sin an **6 Lúnasa 2004** i gcás thoghchán na hEorpa.

3.35 Beidh foirm an Ráitis Costas Toghcháin a sheolfar chuig gach gníomhaire náisiúnta saincheaptha chun líon iarrthóirí an pháirtí atá ag seasamh i dtoghchán na hEorpa a léiriú. I ngach cás, áfach, ní mór an méid seo a leanas a áireamh san fhoirm:

i) sonraí faoi gach costas arna thabhú agus íocaíocht arna déanamh ag an ngníomhaire náisiúnta agus a d(h)aoine údaraithe, lena n-áirítear soláthairtí maoine, earraí nó seirbhísí saor in aisce nó faoi bhun costais;

ii) sonraí faoi dhaoine údaraithe;

iii) dearbhú chion teorainn caiteachais gach iarrthóra a sannadh ag na hiarrthóirí do pháirtí polaitíochta an ghníomhaire náisiúnta;

iv) miondealú ar chaiteachas ag an ngníomhaire ar an bhfeachtas náisiúnta agus ar gach iarrthóir aonair;

v) sonraí faoi aon éilimh dhíospóidithe ar íocaíocht;

vi) faisnéis a bhaineann le héilimh dhéanacha ar íocaíocht (.i. éilimh arna bhfáil níos mó ná 45 lá i ndiaidh lá na vótála .i. 26 Iúil 2004);

<u>NÓTA:</u> D'fhéadfadh sé go mbeadh gá freisin le sonraí faoi mhionchostais arna dtabhú go dleathach, nach mó ná €126.97 in aon íocaíocht amháin. (Ní mór costais dá leithéidí a thaifeadadh ach ní áireofar iad i ríomh iomlán na gcostas toghcháin tabhaithe.)

3.36 Ní mór sonraisc, admhálacha nó dearbháin le haghaidh gach íocaíochta costais toghcháin de bhreis ar **€126.97** a áireamh leis an Ráiteas Costas Toghcháin. Tá an ceart ag an gCoimisiún um Chaighdeáin aon sonrasc, admháil nó dearbhán a iarraidh i gcás ítime caiteachais de luach nach mó ná €126.97 a fheictear i Ráiteas Costas Toghcháin.

3.37 Is féidir miondearmaid nó mionearráidí a aimsíonn an Coimisiún um Chaighdeáin i Ráiteas Costas Toghcháin a cheartú laistigh de 14 lá.

3.38 Cuirfidh an Coimisiún um Chaighdeáin na foirmeacha Ráitis Costas Toghcháin agus Dearbhaithe Reachtúil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais agus cuirfear ar fáil don phobal le haghaidh iniúchta agus cóipeála iad. Déanfar sonraí achoimre den chaiteachas arna thabhú a áireamh i dtuarascáil do Chathaoirleach Dháil Éireann agus a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin.

J. Iarmhairtí róchaiteachais ag an ngníomhaire náisiúnta

3.39 Is iad na hiarmhairtí róchaiteachais ag gníomhaire náisiúnta i dtoghchán na hEorpa ná:

i) is cion é, ar féidir fíneáil suas le €1,269.74 a tharraingt mar thoradh air;

ii) féadfaidh duine achainí a dhéanamh leis an Ard-Chúirt chun toradh toghcháin a chur ar ceal;

iii) déantar méid an róchaiteachais a bhaint as an íocaíocht bhliantúil a fhaigheann an páirtí ón Státchiste.

K. Cionta agus pionóis infheidhme le gníomhairí náisiúnta i dtoghchán na hEorpa

3.40 Is cion é má theipeann ar pháirtí polaitíochta na sonraí iomchuí faoi chostais arna dtabhú roimh cheapadh an ghníomhaire náisiúnta a chur ar fáil don ghníomhaire náisiúnta, in am go leor chun a chumasú dó nó di a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh.

3.41 Má thabhaíonn duine caiteachas nó má dhéanann sé nó sí íocaíocht, gan a bheith údaraithe déanamh amhlaidh, i ndáil le toghchán na hEorpa, féadfar fíneáil suas le €1,269.74 a ghearradh air nó uirthi, ar a c(h)iontú.

3.42 Féadfar fíneáil suas le €1,269.74 a bheith mar thoradh ar éilimh a íoc a fhaightear níos mó ná 45 lá i ndiaidh lá na vótála.

3.43 Mura ndéantar na fiosruithe sin agus mura gcoinnítear na taifid sin atá riachtanach d'fhonn Ráiteas Costas Toghcháin a chur ar fáil agus Dearbhú Reachtúil a dhéanamh féadfar fíneáil suas le €1,269.74 a tharraingt.

3.44 Mura gcuirtear Ráiteas Costas Toghcháin agus Dearbhú Reachtúil ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin sprioc ama reachtúil féadfar fíneáil suas le €1,269.74 agus fíneáil leanúnach de €126.97 in aghaidh an lae, i ndiaidh ciontaithe, ar a mbíonn an Ráiteas agus Dearbhú amuigh fós, a tharraingt.

3.45 Is fíneáil suas le €1,269.74 an pionós má fhaightear gníomhaire náisiúnta ciontach i sárú na teorann caiteachais.

3.46 Má chuirtear i gcomhfhios Ráiteas Costas Toghcháin atá falsa nó míthreorach ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin féadfar fíneáil suas le €25,394.76 agus/nó trí bliana príosúnachta a tharraingt.

3.47 Mura gcuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, laistigh de 7 lá ó dháta an ordaithe, cóip d'ordú cúirte le haghaidh íoc éilimh dhíospóidithe féadfar fíneáil suas le €1,269.74 a tharraingt.

Caibidil 4

Tríú Páirtithe, Pearsana Eile agus Foilsitheoirí

Tríú Páirtithe, Pearsana Eile agus Foilsitheoirí

Is iad na príomhcheisteanna ar ceart go mbeadh tríú páirtithe, pearsana eile agus foilsitheoirí ar an eolas fúthu d'fhonn comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta a chinntiú ná:

(A) Cad is "Tríú Páirtí" agus "Pearsana Eile"?
(B) Ceanglais Tríú Páirtí maidir le fáil síntiús
(C) Ceanglais Tríú Páirtí agus Phearsan Eile maidir le costais toghcháin a thabhú
(D) Cad is costais toghcháin?
(E) Caiteachas arna thabhú i ndáil le reifreann

(F) Íoc sonrasc le soláthraithe

(G) Ráitis Chostas Toghcháin

(H) Ceanglais le haghaidh foilsitheoirí faoi alt 31(10) den Acht Toghcháin, 1997

(I) Cionta agus pionóis infheidhme le tríú páirtithe maidir le fáil síntiús

(J) Cionta agus pionóis infheidhme le tríú páirtithe agus pearsana eile maidir le costais toghcháin a thabhú

(K) Cionta agus pionóis infheidhme le foilsitheoirí maidir le fógráin nó fógraí neamhúdaraithe a fhoilsiú

A. Cad is "Tríú Páirtí" agus "Pearsana Eile"?

4.1 De réir sainithe faoin reachtaíocht ciallaíonn "tríú páirtí" aon duine, seachas páirtí polaitíochta cláraithe nó iarrthóir i dtoghchán na hEorpa, a ghlacann, i mbliain ar leith, le síntiús chun críocha polaitíochta, de luach de bhreis ar €126.97.

4.2 Ciallaíonn "pearsa eile" duine nó grúpa, seachas iarrthóir, gníomhaire toghcháin iarrthóra, gníomhaire náisiúnta páirtí polaitíochta nó tríú páirtí (mar atá sainithe thuas), a bhfuil sé i gceist aige/aici caiteachas a thabhú i dtoghchán trí iarrthóir nó pháirtí polaitíochta a chur chun tosaigh nó trí chur i gcoinne iarrthóra nó páirtí polaitíochta.

4.3 Is é an difríocht idir "pearsa eile" (dá dtagraítear i bparagraf 4.2 thuas) agus "tríú páirtí" (dá dtagraítear i bparagraf 4.1 thuas) ag tabhú caiteachais i dtoghchán na hEorpa ná nach nglacfadh "pearsa eile" le síntiús, i mbliain ar leith, de luach de bhreis ar €126.97.

B. Ceanglais Tríú Páirtí maidir le fáil síntiús

Clárú

4.4 A luaithe is féidir tar éis go bhfaightear síntiús de luach de bhreis ar €126.97 agus sula dtabhaítear aon chostais chun críocha polaitíochta nó, mar a d'fhéadfadh a bheith i gceist, sula dtabhaítear aon chostais bhreise dá leithéidí, tar éis go bhfaightear an síntiús sin, ní mór do thríú páirtí an méid seo a leanas a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin i scríbhinn -

(a) ainm agus seoladh an tríú páirtí agus ainm agus seoladh "an duine fhreagraigh", nó gach "duine fhreagraigh", i ndáil leis an tríú páirtí (is é is "duine freagrach" an duine nó na daoine atá freagrach as gnóthaí eagraithe, bainistíochta nó airgeadais an tríú páirtí),

(b) ráiteas faoi chineál, chuspóir agus mhéid measta na síntiús don tríú páirtí agus faoi chostais bheartaithe an tríú páirtí in aon bhliain, agus

(c) tásc ar bhaint an tríú páirtí, más ann, le haon pháirtí polaitíochta nó le haon iarrthóir i dtoghchán do Dháil Éireann, do Sheanad Éireann nó do Pharlaimint na hEorpa nó i reifreann nó eile.

Cad is síntiús?

4.5 Sainítear sa reachtaíocht go gciallaíonn síntiús aon ranníocaíocht a dhéantar chun críocha polaitíochta ag duine, cibé acu an comhalta de pháirtí polaitíochta an duine nó nach ea.
Tá roinnt focal tábhachtach sa sainiú ar shíntiús a thugtar thuas.

(a) Síntiús.

Folaíonn sé sin:

(i) síntiús airgid;

(ii) síntiús maoine nó earraí;

(iii) úsáid maoine nó earraí saor in aisce;

(iv) soláthar seirbhísí saor in aisce;

(v) an difríocht idir an praghas tráchtála agus an praghas (is ísle) a ghearrtar le haghaidh maoine, earraí nó seirbhísí;

(vi) síntiús arna fháil bealach ranníocaíochta déanta leis an nglanbhrabús ó ócáid tiomsaithe airgid arna eagrú ar mhaithe le hiarrthóir. (Tugtar míniú níos mine air seo in Aguisín 2. Cé go mbaineann ábhar an Aguisín le **hiarrthóirí** i dtoghchán, is ceart an cur chuige céanna a ghlacadh chun luach síntiúis a ríomh i gcás ócáid tiomsaithe airgid arna heagrú ag tríú páirtí.)

(b) Críocha polaitíochta.

Ní mór an ranníocaíocht a dhéanamh chun críocha polaitíochta. Tugtar an sainiú ar chríocha polaitíochta in Aguisín 1.

(c) Duine.

Folaíonn sé seo:

(i) pearsa aonair;

(ii) comhlacht corpraithe (agus aon fhochuideachta de sin), e.g. cuideachta phoiblí nó phríobháideach;

(iii) comhlacht neamhchorpraithe daoine, e.g. páirtí polaitíochta, comhpháirtíocht, cumann áitritheoirí, grúpa stocaireachta.

Síntiúis Thoirmiscthe

4.6 Tá sé toirmiscthe glacadh le síntiús gan anam ar mó a luach ná €126.97. Is síntiús gan ainm é síntiús mura bhfuil ainm agus seoladh an tsíntiúsóra ar eolas ag tríú páirtí.

4.7 Má fhaigheann tríú páirtí síntiús gan ainm, ní mór don tríú páirtí an Coimisiún um Chaighdeáin a chur ar an eolas laistigh de cheithre lá dhéag ó thráth a fhaighte. Ní mór don tríú páirtí freisin an síntiús, nó a luach, a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin.

4.8 Tá toirmeasc ar thríú páirtí freisin glacadh le síntiús, nó síntiúis, ó dhuine sa bhliain féilire chéanna ar mó a luach ná €6,348.69. I gcás go bhfaightear síntiús dá leithéid, ní mór don tríú páirtí an Coimisiún um Chaighdeáin a chur ar an eolas laistigh de cheithre lá dhéag ó thráth a fhaighte agus an síntiús, nó an pháirt sin den síntiús airgid atá os cionn na teorann, a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an tríú páirtí an síntiús, nó an pháirt sin den síntiús airgid atá os cionn na teorann, a chur ar ais chuig an síntiúsóir agus taifead scríofa a choinneáil ar an aisíoc sin d'fhonn é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, má éilítear sin.

4.9 Tá toirmeasc ar thríú páirtí glacadh le síntiús ó phearsa aonair (nach saoránach Éireannach) ar a bhfuil cónaí lasmuigh d'oileán na hÉireann nó ó chuideachta nach bhfuil oifig ar oileán na hÉireann aici óna ndéantar ceann nó níos mó dá
príomhghníomhaíochtaí a stiúradh. Tugtar síntiús ón gcoigríoch air seo.

4.10 I gcás go bhfaightear síntiús ón gcoigríoch, ní mór don tríú páirtí é a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá ó thráth a fhaighte agus ní mór é a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an tríú páirtí an síntiús a

chur ar ais chuig an síntiúsóir agus taifead scríofa a choinneáil ar an aisíoc sin d'fhonn é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, má éilítear sin.

4.11 **Is cion é mura gcuirtear an Coimisiún um Chaighdeáin ar an eolas faoi shíntiús toirmiscthe, mura gcuirtear ar ais é nó mura n-aisíoctar é, de réir mar is cuí.**

Cuntas Síntiús Polaitiúil a Oscailt

4.12 Má fhaigheann tríú páirtí, in aon bhliain féilire ar leith, síntiús **airgid** chun críocha polaitíochta, ar mó a luach ná €126.97, ní mór dó cuntas a oscailt agus a chothabháil in institiúid airgeadais agus an síntiús sin agus aon síntiúis airgid dá leithéid, cibé luach atá orthu, a fhaigheann an tríú páirtí a thaisceadh sa chuntas sin. [Is ceart a thabhairt d'aire nach m eastar comhar creidmheasa ina "institiúid airgeadais" chun críocha na reachtaíochta.]

4.13 Má tá cuntas síntiús polaitiúil á oibriú ag tríú páirtí cheana féin ní gá cuntas ar leithligh a oscailt díreach ar mhaithe le toghchán na hEorpa. Sna himthosca sin, ní mór síntiúis airgid, cibé luach atá orthu, a fhaightear i ndáil le toghchán na hEorpa a thaisceadh sa chuntas.

Doiciméadú Reachtúil a chur ar fáil i ndáil le cuntais síntiús polaitiúil

4.14 I gcás go bhfuil ceangailte ar thríú páirtí cuntas síntiús polaitiúil a oscailt, ní mór do dhuine freagrach an tríú páirtí sin Deimhniú Síntiús Airgid agus ráiteas ón institiúid airgeadais ina bhfuil an cuntas sin a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin. Ní mór an doiciméad a chur ar fáil faoin 31 Márta gach bliain i ndiaidh oscailt an chuntais síntiús polaitiúil. Ní mór don duine freagrach an Deimhniú Síntiús Airgid a shíniú á lua go ndearnadh gach síntiús airgid a fuarthas tar éis gur osclaíodh an cuntas a thaisceadh sa chuntas agus go ndearnadh gach

méid a cuireadh do dhochar an chuntais a úsáid chun críocha polaitíochta. Ní mór Dearbhú Reachtúil a chur ag gabháil leis an Deimhniú.

4.15 Ní mór a shonrú sa ráiteas na hidirbhearta sin atá déanta i ndáil leis an gcuntas le linn na tréimhse dar tús oscailt an chuntais go deireadh na bliana féilire, nó go dáta dúnta an chuntais murab ann don tríú páirtí a thuilleadh.

4.16 Beidh Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin i dteagmháil le tríú páirtithe cláraithe ag tús na bliana féilire iomchuí agus cuirfidh ar fáil dóibh na foirmeacha iomchuí, Deimhniú Síntiús Airgid agus Dearbhú Reachtúil, le comhlánú.

4.17 Coinníonn an Coimisiún um Chaighdeáin Deimhnithe Síntiús Airgid agus Dearbhuithe Reachtúla agus na ráitis ó institiúidí airgeadais a ghabhann leo agus ní chuirtear ar taispeáint go poiblí iad ná ní nochtar ar bhealach eile iad, mura n-éilítear sin ag ordú cúirte nó fiafraí de chuid an Choimisiúin um Chaighdeáin.

C. Ceanglais Tríú Páirtí agus Phearsan Eile maidir le costais toghcháin a thabhú

4.18 I dteannta leis an gceanglas clárú mar thríú páirtí, (tar éis síntiús de bhreis ar €126.97 a fháil), ní mór do thríú páirtí a bhfuil sé beartaithe aige costais toghcháin a thabhú, sula ndéantar aon chostas dá leithéid a thabhú, an méid seo a leanas a chur ar fáil leis féin don Choimisiún um Chaighdeáin, i scríbhinn:

i) ainm agus seoladh, agus tuairisc ar, an duine a bhfuil sé beartaithe aige/aici na costais a thabhú,

ii) ráiteas de chineál, chuspóir agus mhéid measta na gcostas sin, agus

iii) tásc ar bhaint an duine, más ann, le haon pháirtí polaitíochta nó iarrthóir sa toghchán.

4.19 Ní mór do "pearsa eile" (mar a shainítear i bparagraf 4.2 thuas) an fhaisnéis thuas a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin sula dtabhaíonn sé nó sí aon chostais toghcháin i dtoghchán na hEorpa. A luaithe atá tríú páirtí nó pearsa eile tar éis na ceanglais thuas a chomhlíonadh agus má mheastar nach bhfuil baint aige/aici le páirtí polaitíochta nó le hiarrthóir i dtoghchán na hEorpa, níl aon teorainn ar an méid costas is féidir leis an tríú páirtí nó leis an bpearsa eile a thabhú i dtoghchán na hEorpa.

D. Cad is costais toghcháin?

4.20 Is é atá i gcostais toghcháin na costais sin agus na costais sin amháin, arna leagan amach sa sainiú ar chostais toghcháin in Aguisín 1, a dhéantar a thabhú sa soláthar maoine, earraí nó seirbhíse le húsáid i dtoghchán na hEorpa le linn na tréimhse toghcháin
d'fhonn :

(i) leasanna páirtí polaitíochta nó toghadh iarrthóra a chur chun tosaigh nó cur i gcoinne na leasanna nó an tofa sin, nó

(ii) polasaithe páirtí polaitíochta nó ráitis pháirtí polaitíochta i dtaobh pholasaithe páirtí polaitíochta eile nó iarrthóra sa toghchán a chur i láthair, nó

(iii) vótaí a lorg i bhfabhar nó i gcoinne iarrthóra, nó

(iv) polasaithe iarrthóra nó tuairimí iarrthóra i dtaobh aon ghnó a bhaineann leis an toghchán nó ráitis iarrthóra ar pholasaithe páirtí polaitíochta nó iarrthóra eile sa toghchán a chur i láthair, nó

(v) tionchar a imirt ar thoradh an toghcháin ar aon slí eile.

4.21 Meastar gur costas toghcháin nach mór cuntas a thabhairt air ar a phraghas tráchtála iomlán é síntiús maoine, earraí nó seirbhísí a fhaightear, saor in aisce nó faoi bhun costais, agus a úsáidtear i dtoghchán na hEorpa le linn na tréimhse toghcháin. Is féidir lamháil a dhéanamh, áfach, le haghaidh aon lacáiste a thugtar de ghnáth nó atá ar fáil i gcoitinne i leith na maoine, na n-earraí nó na seirbhísí.

E. Caiteachas arna thabhú i ndáil le reifreann

4.22 I gcás go dtionólfar an reifreann beartaithe ar shaoránacht na hÉireann ag an am céanna is a thionólfar an toghchán Eorpach, is ceart go dtabharfadh tríú páirtithe/pearsanna eile dá n-aire i gcás go luaitear in ábhar a bhaineann leis an reifreann aon baint atá ag páirtí polaitíochta nó aon dá n-iarrthóiró sa toghchán Eorpach, go measfar sin mar ábhar a chuirtear an páirtí chun tosaigh nó a chuirtear ina gcoinne agus/nó a chuirtear t-iarrthóir(í) chun tosaigh nó a chuirtear ina gcoinne. Má úsáidtear ábhar dá leithéid le linn na tréimhse toghcháin, measfar an costas iomchuí mar chostas toghcháin. Má tá triú páirtithe/pearsanna eile ag scaipeadh ábhar mar sin, beidh orthu forálacha alt 31(7) den Acht Toghcháin, 1997, i ndáil le toghchán na hEorpa a comhlíonadh (mar a mhínítear i bparagraf 4.18 thuas).

F. Íoc sonrasc le soláthraithe

4.23 Ní mór éilimh ar íocaíocht costas toghcháin, ó sholáthraithe, a fháil ag tríú páirtí/pearsa eile laistigh de 45 lá i ndiaidh lá na vótála, is é sin faoin 26 Iúil 2004 i gcás thoghchán na hEorpa. **Ní féidir leis an tríú páirtí/bpearsa eile éilimh a fhaightear i ndiaidh an dáta sin a íoc.** Is cion é íocaíocht a dhéanamh má fhaightear an t-éileamh tar éis na 45 lá. Déantar socrú ina thaobh sin go sainiúil sa reachtaíocht. Chun díospóidí a sheachaint, is ceart go gcuirfí soláthraithe ar an eolas faoin gceanglas seo le linn orduithe le haghaidh maoine, earraí nó seirbhísí a chur isteach. Cé nach féidir na héilimh sin a íoc, meastar mar chaiteachas toghcháin fós iad agus ní mór cuntas a thabhairt orthu sa Ráiteas Costas Toghcháin a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

G. Ráitis Chostas Toghcháin

4.24 Go gairid i ndiaidh an toghcháin, seolfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig tríú páirtí nó pearsa eile, a chuir in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin faoina rún maidir le costais a thabhú, foirm Ráitis Costas Toghcháin agus Dearbhaithe Reachtúil. Ar an bhfoirm sin, ní mór don tríú páirtí nó don phearsa eile sonraí a nochtadh don Choimisiún um Chaighdeáin faoi gach costas arna thabhú agus íocaíocht arna déanamh ag an tríú páirtí nó ag an bpearsa eile, agus thar a c(h)eann, i ndáil leis an toghchán. Beidh foireann Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ar fáil chun cabhair a thabhairt chun an fhoirm a chomhlánú.

4.25 Ní mór an fhoirm chomhlánaithe a fháil ag an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh de 56 lá i ndiaidh lá na vótála (is é sin an **6 Lúnasa 2004** i gcás thoghchán na hEorpa).

4.26 Ní mór na nithe seo a leanas a áireamh sa Ráiteas Costas Toghcháin:

i) sonraí faoi gach caiteachas toghcháin ag an tríú páirtí nó ag an bpearsa eile;

ii) sonraí faoi aon éilimh dhíospóidithe;

iii) sonraí faoi aon éilimh dhéanacha ar íocaíocht (.i. éilimh arna bhfáil níos mó ná 45 lá i ndiaidh lá na vótála).

4.27 Ní mór sonraisc, admhálacha nó dearbháin le haghaidh gach íocaíochta costais toghcháin de bhreis ar **€126.97** a áireamh leis an Ráiteas Costas Toghcháin. Tá an ceart ag an gCoimisiún um Chaighdeáin aon sonrasc, admháil nó dearbhán a iarraidh i gcás ítime caiteachais de luach nach mó ná €126.97 a fheictear i Ráiteas Costas Toghcháin.

4.28 Is féidir miondearmaid nó mionearráidí a aimsíonn an Coimisiún um Chaighdeáin in aon doiciméad a cheartú laistigh de 14 lá.

4.29 Cuirfidh an Coimisiún um Chaighdeáin na foirmeacha Ráitis Costas Toghcháin agus Dearbhaithe Reachtúil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais agus cuirfear ar fáil don phobal le haghaidh iniúchta agus cóipeála iad. Déanfar sonraí achoimre den chaiteachas arna thabhú a áireamh i dtuarascáil do Chathaoirleach Dháil Éireann agus a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin.

H. Ceanglais le haghaidh foilsitheoirí faoi alt 31(10) den Acht Toghcháin, 1997

4.30 Ní fhoilseoidh foilsitheoir nuachtáin, irise nó tréimhseacháin eile aon fhógrán nó aon fhógra i ndáil le toghchán na hEorpa a fhéachann le leasanna páirtí polaitíochta nó iarrthóra sa toghchán a chur chun tosaigh nó cur i gcoinne na leasanna sin, go díreach nó go hindíreach, mura n-iarrtar sin ag duine díobh seo a leanas:

- gníomhaire náisiúnta páirtí polaitíochta, nó duine údaraithe i

scríbhinn ag an ngníomhaire sin, nó

- iarrthóir sa toghchán, a g(h)níomhaire toghcháin nó duine údaraithe i scríbhinn ag an iarrthóir nó ag an ngníomhaire sin, nó

- duine a tháirgeann don fhoilsitheoir deimhniú ón gCoimisiún um Chaighdeáin ina ndearbhaítear go bhfuil forálacha alt 31(7) den Acht Toghcháin, 1997, i ndáil le toghchán na hEorpa (mar a mhínítear i bparagraf 4.18 thuas) comhlíonta acu.

4.31 Níl sé i gceist go gcoiscfidh nó go srianfaidh na forálacha seo den reachtaíocht foilsiú dlíthiúil aon ábhair i ndáil le toghchán na hEorpa i nuachtán nó i bhfoilseachán eile, nó craoladh an ábhair sin ar raidió nó teilifís nó tuairim á cur in iúl go dlíthiúil i dtaobh aon leasa phoiblí ag aon duine.

I. Cionta agus pionóis infheidhme le tríú páirtithe maidir le fáil síntiús

4.32 Má theipeann ar thríú páirtí ar fháil síntiúis dó ar mó a luach ná €126.97 clárú leis an gCoimisiún um Chaighdeáin féadfar fíneáil suas le €126.97 a tharraingt.

4.33 Mura gcuirtear síntiús toirmiscthe dá dtagraítear i bparagraif 4.6 go 4.10 thuas in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin, nó mura gcuirtear ar ais é, de réir mar is cuí, chuig an síntiúsóir é, féadfar fíneáil suas le €1,269.74 a tharraingt.

4.34 Mura gcuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, faoin 31 Márta gach bliain, ráiteas na hinstitiúide airgeadais, Deimhniú nó Dearbhú Reachtúil, dá dtagraítear i bparagraif 4.14 go 4.15 thuas, féadfar fíneáil

suas le €1,269.74 agus fíneáil leanúnach de €126.97 in aghaidh an lae, i ndiaidh ciontaithe, ar a mbíonn an Ráiteas, Deimhniú nó Dearbhú Reachtúil amuigh fós, a tharraingt.

4.35 Má dhéantar i gcomhfhios ráiteas institiúide airgeadais, Deimhniú nó Dearbhú Reachtúil atá falsa nó míthreorach a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin féadfar fíneáil suas le €25,394.76 agus/nó suas le 3 bliana príosúnachta a tharraingt.

J. Cionta agus pionóis infheidhme le tríú páirtithe agus pearsana eile maidir le costais toghcháin a thabhú

4.36 Má thabhaíonn duine caiteachas nó má dhéanann sé nó sí íocaíocht, gan a bheith údaraithe déanamh amhlaidh, i ndáil le toghchán na hEorpa, féadfar fíneáil suas le
€1,269.74 a ghearradh air nó uirthi, ar a c(h)iontú.

4.37 Mura gcuirtear in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin go bhfuil i gceist costais toghcháin a thabhú féadfar fíneáil suas le €1,269.74 a tharraingt.

4.38 Mura ndéantar na fiosruithe sin agus mura gcoinnítear na taifid sin atá riachtanach d'fhonn Ráiteas Costas Toghcháin a chur ar fáil agus Dearbhú Reachtúil a dhéanamh féadfar fíneáil suas le €1,269.74 a tharraingt.

4.39 Mura gcuirtear Ráiteas Costas Toghcháin ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin sprioc ama reachtúil féadfar fíneáil suas le €1,269.74 agus fíneáil leanúnach de €126.97 in aghaidh an lae, i ndiaidh ciontaithe, ar a mbíonn an Ráiteas agus Dearbhú amuigh fós, a tharraingt.

4.40 Má chuirtear i gcomhfhios Ráiteas Costas Toghcháin atá falsa nó míthreorach ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin féadfar fíneáil suas le €25,394.76 agus/nó trí bliana príosúnachta a tharraingt.

4.41 Mura gcuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, laistigh de 7 lá ó dháta an ordaithe, cóip d'ordú cúirte le haghaidh íoc éilimh dhíospóidithe féadfar fíneáil suas le €1,269.74 a tharraingt.

K. Cionta agus pionóis infheidhme le foilsitheoirí maidir le fógráin agus fógraí neamhúdaraithe a fhoilsiú

4.42 Is cion é mura gcomhlíonann foilsitheoir nuachtáin, irise nó tréimhseacháin eile forálacha alt 31(10) den Acht Toghcháin, 1997 (féach paragraif 4.30 go 4.31 thuas) agus féadfaidh sé fíneáil suas le €1,269.74 a tharraingt.

Aguisín 1

Sainithe

Faoi alt 22 den Acht Toghcháin, 1997, mar atá leasaithe, tugtar na sainithe seo a leanas.

*Ciallaíonn **'cuntas'** cuntas in institiúid sa Stát chun críche airgead arna fháil i leith síntiús a bhreacadh do shochar agus do dhochar;*

*Ciallaíonn **'institiúid'***

(a) *sealbhóir ceadúnais faoi alt 9 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1971,*

(b) *cumann foirgníochta corpraithe nó measta a bheith corpraithe faoin Acht Cumann Foirgníochta, 1989, nó comhlacht corpraithe ar mhodh comhfhreagrach faoi dhlí aon Bhallstáit eile de chuid na gComhphobal Eorpach.*

(c) *banc taisce iontaobhais faoi chiall an Achta um Bainc Thaisce Iontaobhais, 1989,*

(d) *ACC Bank plc,*

(e) An Post, nó

(f) duine údaraithe de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceadúnú agus Maoirseacht Institiúidí Creidmheasa), 1992 (I.R. Uimh. 395 de 1992) chun gnó a dhéanamh sa Stát;

(Tugtar d'aire: Ní fholaíonn an sainiú thuas comhar creidmheasa.)

*Ciallaíon **'duine freagrach'**, i ndáil le haonad cuntasaíochta, an cisteoir nó aon duine eile atá freagrach as déileáil le síntiúis don aonad, nó, i ndáil le tríú páirtí, an duine nó na daoine atá freagrach as gnóthaí eagrúcháin, bainistíochta nó airgeadais an tríú páirtí;*

*Ciallaíonn **'tríú páirtí'** aon duine, nach páirtí polaitíochta cláraithe nó iarrthóir i dtoghchán, a ghlacann, i mbliain ar leith, le síntiús chun críocha polaitíochta, ar mó a luach ná €126.97;*

*Ciallaíonn **'críocha polaitíochta'** aon cheann de na críocha seo a leanas, is iad sin:*

(i) (I) cur chun tosaigh nó cur i gcoinne leasanna páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar de dhá Theach an Oireachtais nó feisire i bParlaimint na hEorpa, nó

(II) cur i láthair, go díreach nó go hindíreach, polasaithe nó polasaí áirithe páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar de dhá Theach an Oireachtais, feisire i bParlaimint na hEorpa nó tríú páirtí, nó

(III) cur i láthair ráiteas páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar de dhá Theach an Oireachtais, feisire i bParlaimint na hEorpa nó tríú páirtí ag féachaint do pholasaí nó pholasaithe páirtí polaitíochta eile, grúpa polaitíochta eile, comhalta eile de cheachtar dhá Theach an Oireachtas, feisire eile i bParlaimint na hEorpa, tríú páirtí eile nó iarrthóra eile i dtoghchán nó reifreann nó eile, nó

(IV) cur chun tosaigh nó cur i gcoinne, go díreach nó go hindíreach, leasanna tríú páirtí bainteach le stiúradh nó bainistíocht aon fheachtais d'fhonn toradh áirithe a chur chun cinn nó a fháil i ndáil le polasaí nó polasaithe nó feidhmeanna de chuid an Rialtais nó aon údaráis phoiblí;

(ii) cur chun tosaigh nó cur i gcoinne, go díreach nó go hindíreach, thoghadh iarrthóra i dtoghchán de Dháil Éireann, de Sheanad Éireann nó de Pharlaimint na hEorpa nó vótaí a lorg i bhfabhar nó i gcoinne iarrthóra nó cur i láthair pholasaithe nó pholasaí áirithe iarrthóra nó thuairimí iarrthóra i dtaobh aon ghnó a bhaineann leis an toghchán nó ráitis iarrthóra ag féachaint do pholasaí nó do pholasaithe pháirtí polaitíochta nó ghrúpa polaitíochta iarrthóra eile sa toghchán nó eile;

(iii) tionchar a imirt ar shlí eile ar thoradh an toghcháin nó reifrinn nó feachtais dá dtagraítear i bparagraf (i)(IV) den sainiú seo.

*Ciallaíonn **'grúpa polaitíochta'** grúpa arna fhoirmiú de réir rialacha nós imeachta Pharlaimint na hEorpa;*

'costais toghcháin - faoi alt 31 den Acht Toghcháin, 1997, mar atá leasaithe

ag alt 50 den Acht Toghcháin (Leasú), 2001, foráiltear gurb é atá i gcostais toghcháin na costais sin, agus na costais sin amháin, arna liostú anseo thíos:

(a) Fógraíocht (cibé meán a úsáidtear)

Folaíonn costais i leith fógraíochta dá leithéid táillí gníomhaireachta, costais dearthóireachta agus costais eile arna dtabhú i ndáil leis an bhfógraíocht sin a ullmhú, a tháirgeadh, a dháileadh nó a chraobhscaoileadh ar shlí eile.

***[TUGTAR D'AIRE:** Is costais toghcháin iad costais arna dtabhú chun láithreáin ghréasáin nua nó breiseacháin ar láithreáin ghréasáin láithreacha a fhorbairt chun críche iarrthóir nó páirtí polaitíochta a chur chun tosaigh ar an idirlíon.]*

(b) Poiblíocht

Folaíonn costais i leith an ghnó seo costais arna dtabhú i leith chraolacháin pháirtí polaitíochta, aon seirbhísí nó saoráidí a sholáthar i ndáil le preaschomhdhálacha nó déileálacha eile leis na meáin, comhairle a chur ar na meáin agus oiliúint agus grianghrafadóireacht.

(c) Póstaeir toghcháin

Folaíonn costais i leith ábhair dá leithéid na costais a ghabhann le póstaeir toghcháin a dhearadh, a tháirgeadh, a phriontáil, a chur in airde agus a bhaint anuas.

(d) Ábhar toghcháin eile

Folaíonn costais i leith ábhair dá leithéid na costais a ghabhann le dearadh, táirgeadh, priontáil agus craobhscaoileadh ábhair dá leithéid (seachas póstaeir), lena n-áirítear cártaí canbhasála, bileoga toghchánaíochta, forógraí toghchánaíochta,

nuachtlitreacha agus ábhar poiblíochta toghcháin eile.

(e) Oifig agus Stáiseanóireacht

Folaíonn costais i leith na nithe seo costais arna dtabhú chun áitreabh oifige nó seomraí cruinnithe a chíosú nó a úsáid chun críocha toghcháin (nach críocha comhdhálacha bliantúla nó eile páirtí) agus na costais a ghabhann le téamh, leictreachas, árachas, ceannach nó cíosú trealaimh oifige, teileafón, stáiseanóireachta agus postais.

(f) Iompar agus taisteal

Folaíonn costais i leith na nithe seo costais arna dtabhú ar iompar agus taisteal (bealach aon mheáin), peitreal agus díosal, feithiclí feachtais a chíosú nó a úsáid, feithiclí a chíosú nó a úsáid chun vótóirí a iompar ar lá na vótála, costais chóiríochta, seirbhísí tacsaí agus fruilchairr agus seirbhísí teachtaireachta.

(g) Taighde margaidh

Folaíonn costais i leith an ghnó seo costais arna dtabhú chun pobalbhreith nó suirbhé comhchosúil eile a dhéanamh a bhaineann le toghchán laistigh de thréimhse 60 lá ó lá na vótála sa toghchán ag páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta nó iarrthóir nó thar ceann páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta nó iarrthóra sa toghchán.

(h) Oibrithe feachtais

Folaíonn costais i leith an ghnó seo íocaíochtaí le hoibrithe feachtais, íocaíochtaí árachais agus costais eile.

Aguisín 2

Ócáidí tiomsaithe airgid

Glanluach ranníocaíochta d'ócáid tiomsaithe airgid a chinneadh

De réir fhorálacha ailt 22(2)(a)(vi & vii) den Acht Toghcháin, 1997, mar atá leasaithe, folaíonn síntiús **glan**luach ranníocaíochta d'ócáidí tiomsaithe airgid. Tagtar ar ghlanluach ranníocaíochta d'ócáid tríd an nglanbhrabús ón ócáid a ríomh i dtosach (.i. trí chostas rite na hócáide a bhaint as an méid iomlán tiomsaithe ag an ócáid). Déantar an glanbhrabús a shannadh don líon daoine a chuireann leis an ócáid i gcomhréir leis an gcion déanta ag gach duine. Tugann sé sin glanluach chion gach duine don ócáid tiomsaithe airgid.

Má d'íoc duine, mar shampla, i ndáil le hócáid tiomsaithe airgid, €1,000 i leith na táille iontrála do dheichniúr, is é an ghlan-ranníocaíocht don ócáid ná €1,000. Da mba é €20 in aghaidh an duine an costas a ghabh leis an ócáid a rith, bhainfí suim €200 as glan-ranníocaíocht duine, rud a fhágfadh glan-ranníocaíocht de €800. Dá ndéanfadh an duine ranníocaíochtaí leis an ócáid (e.g. capaill a cheannach ar oíche rásaíochta, poll ag comórtas gailf chlasaicigh a urrú) ba ghá luach na ranníocaíochtaí sin a chur leis an nglan-ranníocaíocht de €800 chun críocha glanluach comhiomlán ranníocaíocht an duine don ócáid tiomsaithe airgid a chinneadh.

Ócáidí tiomsaithe airgid arna n-eagrú ag páirtí polaitíochta

- Meastar gur síntiús do pháirtí polaitíochta é an ghlan-ranníocaíocht a dhéanann duine le hócáid tiomsaithe airgid arna heagrú ag an bpáirtí polaitíochta, go fiú má úsáidtear na cistí ina dhiaidh sin chun críocha tacú le hiarrthóirí amháin nó níos mó de chuid an pháirtí sa toghchán.
- Ní cheanglófar ar an bpáirtí luach iomlán fháltais na hócáide tiomsaithe airgid a nochtadh i Ráiteas Síntiús.

- Ceanglófar ar an bpáirtí aon síntiú(i)s ó dhuine de bhreis ar ghlanluach de €5,078.95 a nochtadh.
- Maidir leis an teorainn uasta de €6,348.69 ar féidir le páirtithe

polaitíochta glacadh leis mar shíntiú(i)s ó aon duine aonair sa bhliain chéanna, tá feidhm aige sin freisin le glanluach na ranníocaíochtaí le hócáidí tiomsaithe airgid.

- Má tá glanluach aon síntiúis airgid aonair d'ócáid tiomsaithe airgid de bhreis ar €126.97, ceanglófar ar aonad cuntasaíochta an pháirtí (.i. an chraobh nó an cheannoifig) a
  d'eagraigh an ócáid, mura bhfuil ceann aige cheana féin, cuntas síntiús polaitiúil a oscailt.
- Mura bhfuil glanluach gach síntiúis airgid aonair don ócáid de bhreis ar €126.97, ní cheanglófar ar aonad cuntasaíochta an pháirtí cuntas síntiús polaitiúil a oscailt.
- Má tá cuntas síntiús polaitiúil ag an aonad cuntasaíochta cheana féin, ní mór gach síntiús airgid, cibé luach atá air, a fhaightear i ndáil leis an ócáid a thaisceadh i gcuntas síntiús polaitiúil.

Ócáidí Tiomsaithe Airgid arna n-eagrú ag iarrthóir

- Ní cheanglófar ar an iarrthóir luach iomlán fháltais na hócáide tiomsaithe airgid a nochtadh i Ráiteas Síntiús.
- Ceanglófar ar an iarrthóir aon síntiúis ó dhuine atá ag déanamh ranníocaíochta leis an ócáid de bhreis ar ghlanluach de €634.87 a nochtadh.
- Maidir leis an teorainn uasta de €2,539.48 ar féidir le hiarrthóirí glacadh leis mar shíntiú(i)s ó aon duine aonair sa bhliain chéanna, tá feidhm aige sin freisin le glanluach na ranníocaíochtaí le hócáidí tiomsaithe airgid.
- Má tá glanluach aon síntiúis airgid aonair d'ócáid tiomsaithe airgid arna heagrú ag iarrthóir de bhreis ar €126.97, ceanglófar ar an iarrthóir, mura bhfuil ceann aige/aici cheana féin, cuntas síntiús polaitiúil a oscailt agus an síntiús agus gach síntiús airgid iardain a thaisceadh sa chuntas.
- Mura bhfuil glanluach gach síntiúis airgid aonair don ócáid de bhreis ar €126.97, ní cheanglófar ar an iarrthóir cuntas síntiús polaitiúil a oscailt.
- Má tá cuntas síntiús polaitiúil oscailte ag an iarrthóir cheana féin, ní mór

gach síntiús airgid, cibé luach atá air, a fhaightear i ndáil leis an ócáid a thaisceadh sa chuntas.

Ócáidí tiomsaithe airgid arna n-eagrú thar ceann iarrthóra ag duine nó grúpa nach é an t-iarrthóir nó an páirtí é

Déileálfar mar a leanas le cistí a thiomsaítear ag ócáid arna heagrú thar ceann iarrthóra ag duine nó grúpa nach é an t-iarrthóir nó páirtí polaitíochta an iarrthóra é (e.g. grúpaí "Cairde ..."):

Má thugtar na cistí don iarrthóir

- meastar gur **idirghabhálaí ag glacadh le síntiúis thar ceann an iarrthóra** é nó í an duine/grúpa tiomsaithe airgid;
- ní cheanglófar ar an iarrthóir luach iomlán fháltais na hócáide a fhaightear ón duine/ngrúpa tiomsaithe airgid a nochtadh i Ráiteas Síntiús;
- ceanglófar ar an iarrthóir aon síntiúis ó **ranníocóirí aonair leis an ócáid tiomsaithe airgid** de bhreis ar ghlanluach de €634.87 a nochtadh;
- maidir leis an teorainn uasta de €2,539.48 ar féidir le hiarrthóirí glacadh leis mar shíntiú(i)s ó aon duine aonair sa bhliain chéanna, tá feidhm aige sin freisin le **glanluach na ranníocaíochtaí le hócáidí tiomsaithe airgid;**
- má tá glanluach aon síntiúis airgid aonair don ócáid de bhreis ar €126.97, agus nach bhfuil ceann ag an iarrthóir cheana féin, ceanglófar air/uirthi cuntas síntiús polaitiúil a oscailt agus an síntiús agus gach síntiús airgid iardain a thaisceadh sa chuntas;
- mura bhfuil glanluach gach síntiúis airgid aonair don ócáid de bhreis ar €126.97, ní cheanglófar ar an iarrthóir cuntas síntiús polaitiúil a oscailt.
- Má tá cuntas síntiús polaitiúil ag an iarrthóir cheana féin, ní mór gach síntiús airgid, cibé luach atá air, a fhaightear i ndáil leis an ócáid a thaisceadh sa chuntas.

Mura dtugtar na cistí don iarrthóir

- ní mheastar gur **idirghabhálaí ag glacadh le síntiúis thar ceann an iarrthóra** é nó í an duine/grúpa tiomsaithe airgid;
- más mó ná €126.97 glanluach aon síntiúis don ócáid tiomsaithe airgid ní mór don duine/ghrúpa tiomsaithe airgid clárú leis an gCoimisiún um Chaighdeáin mar thríú páirtí agus na rialacha a bhaineann le tríú páirtithe mar atá leagtha amach i gCaibidil 4 a chomhlíonadh.
- má tá sé i gceist ag an duine/ngrúpa tiomsaithe airgid caiteachas a thabhú sa toghchán Eorpach, cibé acu go bhfaigheann nó nach bhfaigheann sé/sí síntiús de bhreis ar €126.97, ní mór na rialacha a bhaineann le pearsana eile mar atá leagtha amach i gCaibidil 4 a chomhlíonadh.
- d'fhéadfadh sé go measfaí caiteachas arna thabhú sa toghchán Eorpach ag an duine/ngrúpa tiomsaithe airgid mar chaiteachas clúdaithe ag paragraf 2.33 thuas.
- meastar aon chostais toghcháin arna dtabhú, nó aon íocaíochtaí arna ndéanamh, ag an nduine/ngrúpa tiomsaithe airgid thar ceann an iarrthóra mar shíntiúis don iarrthóir;
- má tá luach iomlán na síntiús ón nduine/ngrúpa tiomsaithe airgid don iarrthóir de bhreis ar €634.87, ceanglófar ar an iarrthóir sonraí faoi sin a nochtadh ina Ráiteas Síntiús;
- **Is é an luach uasta síntiús ar féidir leis an iarrthóir glacadh leis ó dhuine/ghrúpa tiomsaithe airgid nach meastar ina (h)idirghabhálaí ná €2,539.48 in aon bhliain.**

Aguisín 3

Ítimí ar tugadh cuntas ina leith mar chostais toghcháin in Olltoghchán na Dála, 2002

Is samplaí iad seo a leanas de na hítimí is coitianta ar tugadh cuntas ina leith mar chostais toghcháin i ndiaidh Olltoghchán na Dála, 2002. **Níl an liosta iomlán.**

A - Fógraíocht

Fógráin i nuachtáin

Fógráin in irisí

Dearadh láithreáin gréasáin

B - Poiblíocht

Grianghrafadóireacht

Preas-Chomhdháil .i. cíosú seomra, cíos córais fógartha poiblí

C - Póstaeir Toghcháin

Dearadh agus Priontáil Póstaer Toghcháin

Póstaeir toghcháin a chur in airde

Póstaeir toghcháin a bhaint anuas (má bhaintear anuas iad roimh dheireadh na tréimhse toghcháin).

Naisc Chábla

Adhmad/Ábhair chun póstaeir a chur in airde

D - Ábhar Eile Toghcháin

Dearadh agus Priontáil Cártaí Canbháis

Dearadh agus Priontáil Bileog Toghcháin

Dearadh agus Priontáil den "Litir um Thogchán"

Forógraí/Nuachtlitreacha

Suaitheantais/Meirgí

Seachadadh Bileog Toghcháin

E - Oifig agus Stáiseanóireacht

Cíosú Oifige Toghcháin

Fótachóipeáil

Úsáid Meaisíní Facs

Bille Teileafóin (le linn na tréimhse toghcháin amháin)

Bille Leictreachais (le linn na tréimhse toghcháin amháin)

Clúdaí Litreach (Gnáth nó Oireachtais)

F - Iompar agus Taisteal

Teachtairí

Peitreal/Díosal a aisíocadh le hiarrthóir, tiománaithe/oibrithe feachtais

Cíosú Feithiclí

G - Taighde Margaidh

Pobalbhreith nó suirbhé comhchosúil a dhéantar laistigh de 60 lá ó lá na

vótála

H - Oibrithe Feachtais

Pánna/Tuarastail le haghaidh Oibrithe Feachtais

Árachas

Má tá aon fhiosruithe agat maidir le hítimí costais is féidir leat a thabhú le linn na tréimhse toghcháin, tá Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ar fáil chun cabhrú chun an Ráiteas Costas Toghcháin a chomhlánú.

Aguisín 4

Ítimí nach costais toghcháin agus a áiríodh i Ráitis Chostas Toghcháin in Olltoghchán na Dála, 2002

Is samplaí iad seo a leanas de na hítimí is coitianta nach costais toghcháin agus ar tugadh cuntas ina leith, go mícheart, mar chostais toghcháin i ndiaidh Olltoghchán na Dála, 2002. **Níl an liosta iomlán.**

A - Fógraíocht

Fógráin a cuireadh i nuachtáin ag a raibh dáta foilsithe lasmuigh den tréimhse toghcháin

.i. fógraí "buíochais" i nuachtáin i ndiaidh lá na vótála

B - Poiblíocht

Seirbhís saorphoist arna soláthar ag An Post

C - Póstaeir Toghcháin

Póstaeir Toghcháin a bhaint anuas (má bhaintear anuas iad i ndiaidh lá na vótála)

D - Ábhar Eile Toghcháin

Cártaí "buíochais", Bileoga, Nuachtlitreacha, srl., a dáileadh lasmuigh den tréimhse toghcháin

E - Oifig agus Stáiseanóireacht

Costais chíosa a ghabhann le húsáid a bhaint as oifig atá ar úinéireacht ag páirtí polaitíochta

Úsáid teileafón príobháideach (lena n-áirítear fóin phóca) i gcás nach ndearnadh an costas tabhaithe a aisíoc leis an duine

F - Iompar agus Taisteal

Costais díosail/pheitril nár aisíocadh leis an duine

G - Taighde Margaidh

Ceannach Cláir Toghthóirí

H - Oibrithe Feachtais

Cóisir "deireadh na vótála"

Costais arna dtabhú ar bhia agus dheoch d'oibrithe feachtais deonacha i gcás nár mhó an méid a tabhaíodh in aghaidh an lae ar aon duine ar leith ná an méid a dearbhaíonn Coimisiún um Chaighdeáin mar costais mhaireachtála réasúnacha

Má tá aon fhiosruithe agat maidir le hítimí costais is féidir leat a thabhú le linn na tréimhse toghcháin, tá Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ar fáil chun cabhrú chun an Ráiteas Costas Toghcháin a chomhlánú.

Aguisín 5

Foirm Ráitis Costas Toghcháin Shamplach

Nótaí Mínithe

Gniomhaire Toghcháin

Foirm Raiteas Caiteachas Toghcháin

Toghchán Pharlaimint na hEorpa - 11 Meitheamh 2004

Na hAchtanna Toghcháin, 1997 go 2002

Is ceart do Gniomhaire Toghcháin:

- tagairt do na Treoirlínte a d'fhoilsig Coimiusiún un Chaighdeáin in Oifigí Poiblí i mí Márta 2004, agus mas gá
- comhairle a iarraidh ar comhlána an fhoirm ó:

  Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigi Poiblí Tel: (01) 639 5666

nó línte díreach:

Ray Butler	: (01) 6395708
Marie Gleeson	: (01) 6395718
Aidan Moore	: (01) 6395712
Audrey O'Reilly	: (01) 6395719
Paddy Walsh	: (01) 6395711

TUGTAR D'AIRE:

- Beidh Rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin ar fáil chun cabhair a thabhairt do gniomhairí thoghcháin an fhoirm a chomhlánú.

- Ní mór sonraisc, dearbháin nó admhálacha a sholáthar maidir le gach caiteachas toghcháin ar mó a luach ná €126.97.

- I cuid 5 den fhoirm, is ceart an tagairt i gcolún 1 a scríobh, nuair is cuí sin, ar an sonrasc, ar an dearbhán nó ar an admháil a chuirtear in éineacht leis seo.

Is ceart go sroichfeadh an fhoirm **Raiteas Caiteachas Toghcháin*, An Rúnaí, An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, tráth nach déanaí ná an 6 Lúnasa 2004.***

Gníomhaire Toghcháin

Ráiteas Caiteachas Toghcháin

COMHLÁNAIGH I nDÚCH DUBH LE DO THOIL CHUN CÓIPEÁIL A ÉASCÚ

1. Iarrthóir Toghcháin

Ainm: .....

Seoladh: .....

.....

.....

.....

Páirtí Polaitíochta: .....
(Más iarrthóir neamhpháirtí, luaigh neamhpháirtí le do thoil)

2. Sannadh teorann caiteachais reachtúil

Tá feidhm ag an chuid seo do iarrthóirí pháirtí polaitíochta amháin

Cé mhéid den teorann caiteachais reachtúil a shann an iarrthóir, i scríbhinn, dá p(h)áirtí polaitíochta?	**€**

TUGTAR D'AIRE: Ní mór cóip den chomhaontú scríofa idir an t-iarrthóir agus an páirtí a chur ar ais leis an bhfoirm seo.

3. Gníomhaire Toghcháin

I gcás iarrthóir a bheith ag gníomhú mar ghníomhaire toghcháin dó féin nó di féin, scríobh 'iarrthóir', le do thoil, os comhair 'Ainm' thíos.

Ainm: .....

Seoladh: .....

.....

.....

.....

4. Cuir ar liosta na daoine arna n-údarú ag an nGníomhaire Toghcháin chun caiteachais toghcháin a thabhú ar a s(h)on.

Ainm agus seoladh an duine/na ndaoine údaraithe
(A)
(B)
(C)
(D)
(E)

Is ceart go mbeadh sonraí faoi chaiteachais toghcháin arna dtabhú ag na daoine arna n-údarú a thabhairt faoi na gceannteideal cuí i roinn 5 den fhoirm seo

5. Sonraí faoi chaiteachais toghcháin arna dtabhú ag an nGníomhaire Toghcháin agus ag daoine arna n-údarú ag an nGníomhaire Toghcháin

5A	**Fógraíocht (is cuma cén meán a úsáidtear)** Faoin gceannteideal seo áirítear caiteachais ar tháillí gníomhaireachta, costais dearthóireachta agus costais eile a thabhaítear i dtaca le fógraíocht den sórt seo a ullmhú, a tháirgeadh, a dháileadh nó a scaipeadh ar shlí eile.	
	Tabhair sonraí anseo de na caiteachais **nár íocadh** as cistí poiblí	
Tag	**Mír Chaiteachais**	**Costas**
A1		€
A2		€
A3		€
A4		€
A5		€
A6		€
A7		€
A8		€
A9		€
A10		€
	Tabhair sonraí anseo de na caiteachais **a íocadh** as cistí poiblí	
A11		€
A12		€
A13		€
A14		€
A15		€

Úsáid leathanaigh bhreise más gá

Nóta: Ní mór sonraisc, dearbháin nó admhálacha a sholáthar maidir le gach caiteachas toghcháin ar mó a luach ná €126.97. Is ceart an tagairt i gcolún 1 a scríobh, nuair is cuí sin, ar an sonrasc, ar an dearbhán nó ar an admháil a chuirtear in éineacht leis seo.

5B	**Poiblíocht** Faoin gceannteideal seo áirítear caiteachais a thabhaítear i leith aon seirbhísí nó saoráidí a sholáthar i dtaca le preas-chomhdhálacha nó i dtaca le déileáclacha eile leis na meáin, i leith comhairle agus oiliúint maidir leis na meáin agus i leith fótagrafaíochta.	
	Tabhair sonraí anseo de na caiteachais **nár íocadh** as cistí poiblí	
Tag	**Mír Chaiteachais**	**Costas**
B1		€
B2		€
B3		€
B4		€
B5		€
B6		€
B7		€
B8		€
B9		€
B10		€
	Tabhair sonraí anseo de na caiteachais **a íocadh** as cistí poiblí	
B11		€
B12		€
B13		€
B14		€
B15		€

Úsáid leathanaigh bhreise más gá

Nóta: Ní mór sonraisc, dearbháin nó admhálacha a sholáthar maidir le gach caiteachas toghcháin ar mó a luach ná €126.97. Is ceart an tagairt i

gcolún 1 a scríobh, nuair is cuí sin, ar an sonrasc, ar an dearbhán nó ar an admháil a chuirtear in éineacht leis seo.

5C	**Póstaeir Thoghcháin** Faoin gceannteideal seo áirítear caiteachais ar na costais a ghabhann le póstaeir thoghcháin a dhearadh, a ullmhú, a chlóbhualadh agus a chur in airde.	
	Tabhair sonraí anseo de na caiteachais **nár íocadh** as cistí poiblí	
Tag	**Mír Chaiteachais**	**Costas**
C1		€
C2		€
C3		€
C4		€
C5		€
C6		€
C7		€
C8		€
C9		€
C10		€
	Tabhair sonraí anseo de na caiteachais **a íocadh** as cistí poiblí	
C11		€
C12		€
C13		€
C14		€
C15		€

Úsáid leathanaigh bhreise más gá

Nóta: Ní mór sonraisc, dearbháin nó admhálacha a sholáthar maidir le gach caiteachas toghcháin ar mó a luach ná €126.97. Is ceart an tagairt i gcolún 1 a scríobh, nuair is cuí sin, ar an sonrasc, ar an dearbhán nó ar an admháil a chuirtear in éineacht leis seo.

5D	**Ábhar Eile Toghcháin** Faoin gceannteideal seo áirítear caiteachais ar dhearadh, ullmhú, clóbhualadh agus scaipeadh ábhair (seachas póstaeir) lena n-áirítear cártaí canbhasála, bileoga toghcháin, mórpholasaithe toghcháin, nuachtlitreacha agus aon ábhar poiblíochta eile i dtaca le toghchán.	
	Tabhair sonraí anseo de na caiteachais **nár íocadh** as cistí poiblí	
Tag	**Mír Chaiteachais**	**Costas**
D1		€
D2		€
D3		€
D4		€
D5		€
D6		€
D7		€
D8		€
D9		€
D10		€
	Tabhair sonraí anseo de na caiteachais **a íocadh** as cistí poiblí	
D11		€
D12		€
D13		€

D14		€
D15		€

Úsáid leathanaigh bhreise más gá

Nóta: Ní mór sonraisc, dearbháin nó admhálacha a sholáthar maidir le gach caiteachas toghcháin ar mó a luach ná €126.97. Is ceart an tagairt i gcolún 1 a scríobh, nuair is cuí sin, ar an sonrasc, ar an dearbhán nó ar an admháil a chuirtear in éineacht leis seo.

5E	**Oifig agus Stáiseanóireacht** Faoin gceannteideal seo áirítear costais arna dtabhú ar áitreabh oifige nó seomraí cruinnithe a fháil ar cíos, nó ar úsáid áitribh nó seomraí den sórt sin, chun críoch toghcháin agus ar chostais téite, leictreachais, árachais, ar cheannach trealaimh oifige, nó ar threalamh oifige a fháil ar cíos, ar theileafóin, ar stáiseanóireacht, agus ar phostas.	
	Tabhair sonraí anseo de na caiteachais **nár íocadh** as cistí poiblí	
Tag	**Mír Chaiteachais**	**Costas**
E1		€
E2		€
E3		€
E4		€
E5		€
E6		€
E7		€
E8		€
E9		€
E10		€
	Tabhair sonraí anseo de na caiteachais **a íocadh** as cistí poiblí	
E11		€
E12		€

E13		€
E14		€
E15		€

Úsáid leathanaigh bhreise más gá

Nóta: Ní mór sonraisc, dearbháin nó admhálacha a sholáthar maidir le gach caiteachas toghcháin ar mó a luach ná €126.97. Is ceart an tagairt i gcolún 1 a scríobh, nuair is cuí sin, ar an sonrasc, ar an dearbhán nó ar an admháil a chuirtear in éineacht leis seo.

5F	**Iompar agus Taisteal** Faoin gceannteideal seo áirítear caiteachais arna dtabhú ar iompar agus ar thaisteal (ar aon mhodh), ar pheitreal agus ar dhíosal, ar fheithiclí feachtais a fháil ar cíos nó ar úsáid feithiclí den sórt sin chun vótálaithe a iompar lá na vótaíochta, ar chostais chóiríochta, ar sheirbhísí tacsaithe agus fruilcharr agus ar sheirbhísí teachtairí.	
	Tabhair sonraí anseo de na caiteachais **nár íocadh** as cistí poiblí	
Tag	**Mír Chaiteachais**	**Costas**
F1		€
F2		€
F3		€
F4		€
F5		€
F6		€
F7		€
F8		€
F9		€
F10		€
	Tabhair sonraí anseo de na caiteachais **a íocadh** as cistí poiblí	
F11		€

F12		€
F13		€
F14		€
F15		€

Úsáid leathanaigh bhreise más gá

Nóta: Ní mór sonraisc, dearbháin nó admhálacha a sholáthar maidir le gach caiteachas toghcháin ar mó a luach ná €126.97. Is ceart an tagairt i gcolún 1 a scríobh, nuair is cuí sin, ar an sonrasc, ar an dearbhán nó ar an admháil a chuirtear in éineacht leis seo.

5G	**Taighde Margaidh** Faoin gceannteidil seo áirítear caiteachais arna dtabhú ag páirtí polaitíochta, ag grúpa polaitíochta nó ag iarrthóir, nó thar a cheann, sa toghchán ar phobalbhreith a ghlacadh nó ar shuirbhé eile den tsamhail chéanna a bhaineann le toghchán laistigh den tréimhse 60 lá roimh an lá vótaíochta.	
	Tabhair sonraí anseo de na caiteachais **nár íocadh** as cistí poiblí	
Tag	**Mír Chaiteachais**	**Costas**
G1		€
G2		€
G3		€
G4		€
G5		€
G6		€
G7		€
G8		€
G9		€
G10		€
	Tabhair sonraí anseo de na caiteachais **a íocadh** as cistí poiblí	

G11		€
G12		€
G13		€
G14		€
G15		€

Úsáid leathanaigh bhreise más gá

Nóta: Ní mór sonraisc, dearbháin nó admhálacha a sholáthar maidir le gach caiteachas toghcháin ar mó a luach ná €126.97. Is ceart an tagairt i gcolún 1 a scríobh, nuair is cuí sin, ar an sonrasc, ar an dearbhán nó ar an admháil a chuirtear in éineacht leis seo.

5H	**Oibrithe Feachtais** Faoin gceannteideal seo áirítear íocaíochtaí le hoibrithe feachtais, árachas agus costais eile.	
	Tabhair sonraí anseo de na caiteachais **nár íocadh** as cistí poiblí	
Tag	**Mír Chaiteachais**	**Costas**
H1		€
H2		€
H3		€
H4		€
H5		€
H6		€
H7		€
H8		€
H9		€
H10		€
	Tabhair sonraí anseo de na caiteachais **a íocadh** as cistí poiblí	

H11		€
H12		€
H13		€
H14		€
H15		€

Úsáid leathanaigh bhreise más gá

Nóta: Ní mór sonraisc, dearbháin nó admhálacha a sholáthar maidir le gach caiteachas toghcháin ar mó a luach ná €126.97. Is ceart an tagairt i gcolún 1 a scríobh, nuair is cuí sin, ar an sonrasc, ar an dearbhán nó ar an admháil a chuirtear in éineacht leis seo.

6. Sonraí maidir le héilimh faoi Dhíospóid

An ann d'aon chostais toghcháin a bhfuil díospóid ina dtaobh maidir leis an méid atá iníoctha?

Tá ☐ ***Nil*** ☐ (Cuir isteach [✓] más cuí)

Má **TÁ**, tugtar sonraí thíos faoin méid díospóidithe:

Tuairisc ar an Ítim	**Ainm & Seoladh an tSoláthraí**	**An méid faoi Dhíospóid (€)**

TUGTAR D'AIRE: I gcás gur ann d'éileamh díospóidithe i dtaobh costas toghcháin is ceart an méid faoi dhíospóid a iontráil thuas agus **ní ceart** é a áireamh sa liosta costas toghcháin i gCuid 5 den fhoirm.

7. Sonraí maidir le héilimh a fuarthas tar éis 26 Iúil 2004

An bhfuarthas aon éilimh ar íocaíocht costas toghcháin i ndiaidh an 26 Iúil 2004?

Tá ☐ ***Nil*** ☐ (Cuir isteach [✓] más cuí)

Má **TÁ**, tugtar sonraí thíos:

Tuairisc ar an Ítim	**Ainm & Seoladh an tSoláthraí**	**An méid a éilítear (€)**

TUGTAR D'AIRE: Cé gur cion é aon éilimh a fhaightear i ndiaidh an 26 Iúil 2004 a íoc, **is ceart** méid an chostais tabhaithe a áireamh sa liosta costas toghcháin i gCuid 5 den fhoirm.

8. Dearbhú Reachtúil

Cuid 1

(le comhlánú ina hiomláine ag an **Gniomhaire Toghcháin*)***

Déanaimse (ainm an Gniomhaire Toghcháin) ....., a dhearbhú go sollúnta agus go dílis go bhfuil an **Ráiteas Caiteachas Toghcháin** i gceangal leis seo, a mhéid is eol dom agus a chreidim, ceart i ngach gné ábhartha agus go ndearna mé gach beart réasúnach d'fhonn a bheith sásta maidir lena chruinneas; déanaim an dearbhú sollúnta seo go coinsiasach leis an gcreideamh go bhfuil sé fíor agus de bhun an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938, arna leasú ag an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

Síniú an Gniomhaire Toghcháin: .....

Cuid II

(le comhlánú ina hiomláine ag an bhfinné)

Arna dhearbhú os mo chomhair (ainm an Gniomhaire Toghcháin)

.....……

ar a bhfuil aithne phearsanta agam (nó atá á c(h)ur in aithne dom ag

....., ar a bhfuil aithne phearsanta agam) ag

.....

Síniú an fhinné .....

Earnáil *.....

Dáta.....

**** Nótaire Poiblí; Coimisinéir Mionnaí; Coimisinéir Síochána; Aturnae Cleachtach***

[I gcás go ndéanann duine dearbhú reachtúil falsa is é an pionós a ghearrfar air nó uirthi ná fíneáil suas le €2,539.48 agus/nó príosúnachtsuas le 6 mhí.]